



An Rialálaí  
Carthanas

Charities  
Regulator

**Tuarascáil ón  
bPainéal  
Comhairleach ar  
Rialachas  
Eagraíochtaí  
Carthanúla**

5 Aibreán 2018



# Brollach ón gCathaoirleach

**Cuid dhílis de gach pobal in Éirinn is ea eagraíochtaí carthanúla. Imríonn siad ról lárnach i dtathant a dhéanamh ar son seirbhísí, agus i seirbhísí a sholáthar, do sciar suntasach dár ndaonra. Na hoibrithe deonacha a shuíonn ar a mboird mar iontaobhaithe carthanais, nó a bhíonn gníomhach ar shlí eile ina gcuid oibre, cuireann siad go hollmhór le cáilíocht beatha ár sochaí.**

Amhail i gcás gach coda eile dár sochaí, bíonn athrú ag teacht i gcónaí ar an gcomhthéacs ina maireann carthanais. Ina fhianaise sin, chuir an Rialálaí Carthanas an Painéal Comhairleach seo ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla ar bun chun breithniú a dhéanamh ar an gcur chuige a d'fhéadfadh sé a ghlacadh chun cúnamh a thabhairt do charthanais a gcuid spriocanna a chomhlíonadh agus, ag an am céanna, a chinntiú go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí dlíthiúla atá orthu agus go mbaineann siad trédhearcacht agus cuntasacht amach i ngach a ndéanann siad.

Ar an bPainéal Comhairleach, tugadh le chéile comhaltaí a bhfuil taithí leathan éagsúil acu san earnáil carthanas agus san earnáil rialachais chorparáidigh. Forlíonadh pléití an phainéil le próiseas comhairliúcháin phoiblí, le taighde idirnáisiúnta agus le láithreoireachtaí.

Fuair an painéal páipéir agus láithreoireachtaí ó roinnt páirtithe leasmhara. A bhúí leis na láithreoireachtaí sin agus leis na díospóireachtaí a tháinig ina ndiaidh, ghnóthaigh an painéal tuiscint shoiléir ar charthanais na hÉireann, ar eispéiris na n-eagraíochtaí go dtí seo agus ar éifeachtaí fadréimseacha an rialachais. Chuir siad gné eile le smaointeoireacht an phainéil freisin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a rinne rannchuidiú.

Bhí na cruinnithe painéil oscailte agus comhoibritheach, áit ar labhair na comhaltaí faoina n-eispéiris féin agus a ndearna siad anailís le linn díospóireachtaí macánta iomlána. Éascaíodh an ról a bhí agam mar Chathaoirleach mar gheall ar an gcur chuige a glacadh, rud a bhí dírithe ar chomhdhearcadh a bhaint amach.

Chabhraigh baill foirne an Rialálaí Carthanas le hobair an phainéil le linn na céime comhairliúcháin phoiblí. Ghníomhaigh Sarah Mongey mar rúnaí painéil agus thug sí tacaíocht lóistíochta freisin ar fud an phróisis. Thar ceann an Fhorais Riaracháin, thug an Dr Nicholas Marcoux doiciméid agus tuairimí le chéile agus d'ullmhaigh sé an iliomad dréachtaí agus doiciméad taighde. Gabhaim buíochas ó chroí leo agus leis na comhaltaí eile den phainéal.

Tá an tuarascáil ar fáil don Rialálaí Carthanas anois mar shraith moltaí atá ceaptha chun a chuid oibre a threorú thar an gcúpla bliain atá romhainn, agus é ag rialáil charthanais chláraithe na hÉireann agus ag tabhairt cosaint dóibh araon. Tá súil againn gur éirigh linn rannchuidiú fiúntach a dhéanamh le cleachtais a bhunú lena gcothófar agus lena bhfeabhsófar go ceann i bhfad an obair a dhéanann cuid mhór eagraíochtaí breátha.

**Senan Turnbull**

Cathaoirleach

**An Painéal Comhairleach ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla**

# Clár Ábhar

<b>Caibidil 1. Achoimre Fheidhmeach</b>	<b>6</b>
<b>Caibidil 2. Forbhreathnú</b>	<b>8</b>
2.1 Bunú an Phainéil Chomhairligh ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla	8
2.2 Próifíl Charthanais Chláraithe na hÉireann	8
2.2.1 Foirm dhlíthiúil Carthanas Cláraithe	9
2.2.2 Carthanais de réir Cuspóir Carthanúil	9
2.2.3 Faisnéis Airgeadais faoi Charthanais in Éirinn	10
2.2.4 Iontaobhaithe Carthanais	12
2.3 An Ról agus an Áit atá ag Carthanais in Éirinn an Lae Inniu	14
2.4 Sainmhíniú ar Dhea-Rialachas	15
2.5 Comhréireacht	15
2.6 Cur Chuige an Phainéil i leith a Théarmaí Tagartha	15
<b>Caibidil 3: Rialacháin i ndáil le Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla</b>	<b>18</b>
3.1 Téarmaí Tagartha	18
3.2 Tuairimí	19
3.2.1 Creat Rialála	19
3.2.2 Reachtaíocht Phríomha	19
3.2.3 Reachtaíocht Thánaisteach - Rialacháin	19
3.2.4 An Comhairliúchán Poiblí	21
3.3 Moltaí	21
<b>Caibidil 4: Cóid Rialachais</b>	<b>22</b>
4.1 Téarmaí Tagartha	22
4.2 Tuairimí	23
4.2.1 Coincheap an Chóid Rialachais	23
4.2.2 An Comhairliúchán Poiblí	26
4.3 Moltaí	27

<b>Caibidil 5: An Treoir, an Tacaíocht agus an tOideachas is féidir a sholáthar d’Iontaobhaithe Carthanais</b>	<b>30</b>
5.1 Téarmaí Tagartha	30
5.2 Tuairimí	31
5.2.1 Forbhreathnú	31
5.2.2 An Comhairliúchán Poiblí	32
5.3 Moltaí	35
<b>Aguisíní</b>	<b>37</b>
Aguisín 1: Comhdhéanamh an Phainéil	37
Aguisín 2: An Comhthéacs Idirnáisiúnta	38
Aguisín 3: An Comhairliúchán Poiblí ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla	43
Aguisín 4 - An Liosta Daoine a bhfuair an Painéal Aighneachtaí i Scríbhinn uathu mar chuid den Chomhairliúchán Poiblí ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla	48
<b>Táblaí agus Fíoracha:</b>	
Tábla 1: Foirm dhlíthiúil Charthanais Chláraithe na hÉireann	9
Fíor 1: Cuspóir Carthanúil de réir Catagóire	10
Fíor 2: Carthanais de réir Ioncaim, mar atá sna Tuarascálacha Bliantúla uathu	11
Fíor 3: Carthanais a mbíonn a nIoncam Bliantúil os cionn €250,000	11
Fíor 4: Carthanais de réir an Lín Fostaithe	12
Fíor 5: Iontaobhaithe Carthanais agus Láthair Gheografach na gCarthanas	13
Fíor 6: Éabhlóid Iontaobh an Phobail as Carthanais agus as Institiúidí Poiblí eile	14
Fíor 7: Creat Coincheapúil Rialachais an Phainéil	16
Tábla 2: Formáid na gcaibidlí ina dhiaidh seo sa tuarascáil ón bpainéal agus na téarmaí tagartha a bpléitear leo i ngach ceann díobh	17
Tábla A: Anailís chomparáideach ar na príomhghnéithe de Rialálaithe Carthanas roghnaithe	40

## 1

# Achoimre Fheidhmeach

Tá dea-rialachas laistigh de charthanais níos tábhachtaí anois ná riamh, tar éis do chásanna drochrialachais smál a chur ar an earnáil ina hiomláine agus tar éis do mhuintir an phobail as carthanais titim i bhfad faoi bhun an bhuaicfhigiúir 74% sa bhliain 2012 (féach fíor 6, leathanach 12). Agus aird tugtha aige ar na torthaí ar an gcomhairliúchán poiblí agus breithniú déanta aige ar raon leathan tuairimí agus taighde, creideann an painéal go láidir gurb é dea-rialachas an bhunsraith do charthanais dea-bhainistithe.

Cinntíonn an rialachas go bhfuil bunphróisis agus bunrialuithe i bhfeidhm laistigh de charthanais, ar nithe iad lena gcinnteofar trédhearcacht agus cuntasacht laistigh de charthanais agus lena dtabharfar cúnamh d'iontaobhaithe charthanais na dualgais atá orthu faoin Acht Carthanais 2009 a chur i gcrích. Cabhróidh sé sin le hiontaoibh agus muintir an phobail as an earnáil carthanais ina hiomláine a athghnóthú.

Tá roinnt bealaí ann inar féidir le hiontaobhaithe charthanais dea-rialachas a chinntiú laistigh dá gcarthanais, mar shampla a chinntiú go dtagann a mbord iontaobhaithe charthanais le chéile go rialta; go bhfuil an bord éagsúil; go bhfuil dea-mheascán scileanna agus inscne ag an mbord; go bhfuil próisis ionduchtúcháin i bhfeidhm ag an mbord agus go ndíríonn an bord ar phleanáil chomharbais. I ngach cás, cuirfidh gach ceann de na nithe sin leis an dóigh a mbainistítear an carthanais. Gné lárnach de dhea-rialachas, áfach, is ea an t-eolas atá ag gach iontaobhaí charthanais ar na dualgais atá orthu faoin Acht Carthanais 2009 agus an dóigh a ndéanann siad caidreamh leis an gcarthanais.

Is eol don phainéal nach oiriúnach atá samhail aonfhoirmeach i gcomhthéacs scála agus scóip charthanais na hÉireann. Mar sin féin, creideann an painéal go láidir go gcinntíonn dea-rialachas gur féidir le hiontaobhaithe charthanais na dualgais reachtúla atá orthu a chur i gcrích. Áirítear leis na dualgais sin na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- > a chinntiú go mbíonn an carthanais ag comhlíonadh a chuspóirí carthanúla chun leas an phobail;
- > gníomhú le barr leasa an charthanais;
- > sócmhainní an charthanais a bhainistiú;
- > a chinntiú go gcoimeádann an carthanais leabhair chuntais chúig;
- > agus gníomhú le scil agus cúram réasúnach.

Ba cheart do gach iontaobhaí charthanais béim a leagan ar dhea-rialachas agus féachaint le é a bhaint amach. Ar an mbealach sin, cruthófar caighdeán sármhaitheasa laistigh d'earnáil carthanais atá beoga agus a bhfuil iontaoibh aisti agus a bhfuil meas uirthi mar gheall ar an leas pobail a chuireann sí ar fáil.

Le linn deich gcruinniú, agus le linn dó leaganacha den tuarascáil seo a scríobh agus a athbhreithniú, rinne an painéal iniúchadh ar raon leathan tuairimí agus roghanna faoi na trí shainordú atá ina théarmaí tagartha. Rinne an painéal iniúchadh ar chineál na gcarthanais a oibríonn in Éirinn agus d'aithin sé an gá le cur chuige comhréireach a ghlacadh i leith an rialachais, mar gheall ar an éagsúlacht leathan atá ann ó thaobh méid eagraíochta de, go háirithe an líon mór carthanais beag atá ann.

Déanann an painéal na deich moladh seo a leanas:

1.	Seachas rialacháin bhreise atá sonrach don rialachas a eisiúint, cur chuige níos comhréirí ina leith sin, mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo, is ea treoirlínte nó cóid rialachais a cheadú/a eisiúint. <i>(Féach caibidil 3 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
2.	Ba cheart Cód Rialachais nua a bheith ann do charthanais, rud a n-eiseodh an Rialálaí Carthanas é agus a mbeadh mar aidhm leis feabhas ar riaradh, bainistiú agus rialachas eagraíochtaí carthanúla a éascú. <i>(Féach caibidil 4 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
3.	Ba cheart an Cód Rialachais nua a bheith bunaithe ar phrionsabail agus ba cheart é a oibriú ar bhonn “comhlíonadh nó míniú”; <i>(Féach caibidil 4 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
4.	Ba cheart ábhar an Chóid Rialachais nua a fhorbairt i gcomhar leis an earnáil carthanas. <i>(Féach caibidil 4 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
5.	Ba cheart an Cód Rialachais nua a bheith comhréireach. <i>(Féach caibidil 4 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
6.	Ba cheart don Rialálaí Carthanas cur chun cinn a dhéanamh ar iarrachtaí chun dúbláil comhlíonta agus tuairiscithe a chuíchóiriú idir comhlachtaí Stáit. <i>(Féach caibidil 4 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
7.	Ba cheart don Rialálaí Carthanas treoir a fhorbairt agus a eisiúint (ar líne agus/nó i bhformáid dhigiteach/físe, nuair is féidir) chun tacú le hiontaobhaithe carthanais ionchasacha agus le hiontaobhaithe carthanais reatha. <i>(Féach caibidil 5 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
8.	Níor cheart téarma oifige iontaobhaithe carthanais a bheith faoi réir teorainn éigeantach. Ba cheart teorainn uasta chomhairleach a bheith ar áireamh sa Chód Rialachais nua ar bhonn ‘comhlíonadh nó míniú’, áfach. <i>(Féach caibidil 5 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
9.	I gcomhthéacs an chóid rialachais nua, ba cheart don Rialálaí Carthanas breithniú a dhéanamh ar an tsaincheist a bhaineann le hiar-ardbhainisteoirí a bheith ag éirí ina n-iontaobhaithe carthanais ar an aon eagraíocht amháin. <i>(Féach caibidil 5 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>
10.	Ba cheart tuilleadh taighde a dhéanamh ar phróifíl agus líon na n-iontaobhaithe carthanais in Éirinn. <i>(Féach caibidil 5 chun an réasúnaíocht atá taobh thiar den mholadh seo a léamh).</i>

# 2

## Forbhreathnú

### 2.1 Bunú an Phainéil Chomhairligh ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla

I mí an Mhárta 2017, chuir an Rialálaí Carthanas Painéal Comhairleach ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla (an ‘painéal’) ar bun de réir alt 36 den Acht Carthanas 2009 (an ‘tAcht’). Bhí an Rialálaí Carthanas ag iarraidh cur chuige rialála a chur i bhfeidhm lena gcinntítear go ndéantar dea-rialú agus dea-bhainistiú ar charthanas chláráithe na hÉireann. Bhí an tÚdaráis den tuairim gurbh é an bealach is fearr chun a chinntiú go gcuirfí creat comhréireach cuí i bhfeidhm in Éirinn chun dea-rialachas carthanas a éascú ná leas a bhaint as na tuairimí agus na moltaí ó phainéal comhairleach daoine a bhfuil saineolas cuí acu ar an rialachas, ar an dlí, ar mhaoiniú agus ar riaradh carthanas.

Is iad téarmaí tagartha an phainéil breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- Na roghanna a eascraíonn as an gcumhacht atá ag an Aire chun rialacháin i ndáil le Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla a dhéanamh de bhun alt 4 d’Acht 2009;
- Na bealaí inar féidir leis an Rialálaí Carthanas feabhas ar riaradh, bainistiú agus rialachas eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirilínte, cód cleachtais agus raon doiciméad eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú) a mheasann an painéal a bheith ábhartha le linn dó a chuid oibre a chur i gcrích;
- Na bealaí inar féidir leis an Rialálaí Carthanas comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i stiúradh, rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla.

Tháinig an painéal le chéile deich n-uaire thar thréimhse 12 mhí chun na roghanna a phlé. Leagtar amach sa tuarascáil seo na tuairimí agus na moltaí ón bpainéal. Tá ainm agus ról gach comhalta den phainéal ar fáil in Aguisín 1.

### 2.2 Próifíl Charthanas Cláráithe na hÉireann

Bhí 9,061 charthanas ann ar an gClár Carthanas ag an 31 Nollaig 2017. B’ionann é sin agus méadú 1,058 gcarthanas ar an bhfigiúr ag deireadh na bliana 2016. De na carthanas sin, bhí 7,220 ceann cláráithe faoi alt 40 den Acht agus bhí 1,841 cheann cláráithe faoi alt 39 den Acht. Tá dhá mhodh ann inar féidir le heagraíocht teacht chun bheith ina carthanas cláráithe.

Foráiltear le halt 40 den Acht go gclárófar go huathoibríoch aon eagraíochtaí a raibh díolúine bhailí charthanúil chánach (uimhir charthanas) arna heisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim acu ag an 16 Deireadh Fómhair 2014. Measfar carthanas den sórt sin a bheith cláráithe leis an Rialálaí Carthanas fad a bheidh siad i dteideal an díolúine charthanúil chánach sin a shealbhú. Rinneadh 8,452 charthanas san iomlán a chlárú go huathoibríoch tríd an modh sin i mí Dheireadh Fómhair 2014.



Maidir le gach carthanas a measadh a bheith cláraithe faoi alt 40 den Acht, ceanglaíodh orthu cuntas ar líne a bhunú agus sonraí a chomhlánú ar an gClár carthanas ansin. Bhí an fhaisnéis riachtanach tugtha ag 5,902 charthanas faoi dheireadh na bliana 2017 (figiúr arbh ionann é agus méadú 19% ar an bhfigiúr don bhliain 2016).

Maidir leis na carthanas a measadh a bheith cláraithe go huathoibríoch sa bhliain 2014 de bhua uimhir charthanas bhailí a bheith acu ó na Coimisinéirí Ioncaim, bhí 1,318 gcarthanas ann ag deireadh na bliana 2017 nach raibh a sonraí comhlánaithe acu ar an gClár Carthanas nó nach raibh tuarascáil bhliantúil curtha ar fáil acu mar a cheanglaítear le dlí. Is ionann an figiúr sin agus laghdú 56% ar an líon carthanas nach raibh an tAcht á chomhlíonadh acu sa bhliain 2016.

Tá próiseas géaraithe i bhfeidhm ag an Rialálaí Carthanas le haghaidh déileáil leo sin a bhfuil an tuarascáil bhliantúil uathu amuigh le níos mó ná 90 lá. Díchláraíodh 699 gcarthanas sa bhliain 2017<sup>1</sup> (méadú 122% ar an bhfigiúr don bhliain 2016).

Leagtar amach in alt 39 den Acht an fhaisnéis a cheanglaítear ar eagraíochtaí a thabhairt agus iad ag déanamh iarratas ar a n-áireamh ar Chlár Carthanas na hÉireann. Ní mór do gach eagraíocht charthanúil iarratas a dhéanamh ar a n-áireamh ar an gClár Carthanas, beag beann ar a méid, ar a struchtúr dlíthiúil nó ar a n-ioncam.

Bhronn an Rialálaí Carthanas stádas carthanúil ar 1,757 n-eagraíocht sa bhliain 2017. Is méadú é sin ar na 84 charthanas ar bronnadh stádas carthanúil orthu sa bhliain 2016. Fágann sé go bhfuil 1,841 charthanas san iomlán, nó 20% de na carthanas ar an gClár, cláraithe faoi alt 39 den Acht.

## 2.2.1 Foirm dhlíthiúil Carthanas Cláraithe

Leagtar amach san Acht na trí phríomhchineál foirme dlíthiúla atá ann, a bhfuil forbhreathnú tugtha orthu i dTábla 1:

Tábla 1: Foirm dhlíthiúil Charthanas Cláraithe na hÉireann

Ginearálta	Cineál	Carthanas	% den Iomlán
<b>Corpraithe</b>	Cuideachtaí	4,630	51.1%
<b>Neamhchorpraithe</b>	Cumann	1,495	16.5%
	Bord Bainistíochta (Scoil)	1,593	17.6%
	Eile	664	7.3%
	Fo-iomlán	3,752	41.4%
<b>Iontaobhas Carthanúil</b>	Iontaobhas	679	7.5%
	Iomlán	9,061	100%

A luaithe a bheidh a shonraí comhlánaithe aige ar an gClár carthanas, ní mór do charthanas tuarascáil bhliantúil a chomhdú laistigh de dheich mí ó dheireadh a bhliana airgeadais.

## 2.2.2 Carthanas de réir Cuspóir Carthanúil

Leagtar catagóirí sonracha de chuspóirí carthanúla amach san Acht:


- > An bhochtaineacht nó cruatan eacnamaíoch a chosc nó a mhaolú;
- > Oideachas a chur ar aghaidh;
- > Creideamh a chur ar aghaidh;
- > Aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal.

<sup>1</sup> Carthanas nach meastar a bheith cláraithe faoi alt 40 den Acht Carthanas 2009 a thuilleadh toisc nach bhfuil siad i dteideal díolúine faoi alt 207 nó faoi alt 208 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, a thuilleadh.

Folaíonn ‘aon chuspóir eile a théann chun tairbhe don phobal’ cuspóirí sonracha, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste a imeascadh; an tsláinte agus obair shaorálach a chur chun cinn; leas an phobail agus forbairt pobail a chur ar aghaidh; cosaint agus inchothaitheacht chomhshaoil a chur ar aghaidh; síth idir creidimh agus ciníocha a chur chun cinn; réiteach coinbhleachtaí a chur ar aghaidh; leas ainmhithe a chur ar aghaidh; agus na healaíona a chur ar aghaidh. Is féidir go mbeidh níos mó ná cuspóir carthanúil sonracha amháin ag carthanas.

Tugtar i bhFíor 1 miondealú ar chuspóirí carthanúla sa Chlár Carthanas ag an 31 Nollaig 2017:

Fíor 1: Cuspóir Carthanúil de réir Catagóire




### 2.2.3 Faisnéis Airgeadais faoi Charthanas in Éirinn

Léirítear i bhFíor 2 méid na gcarthanas bunaithe ar an ioncam a nocht siad sna tuarascálacha bliantúla uathu, a bhfuil i gceist leo 5,986 thuarascáil bhliantúla do na carthanas sin a bhfuil a sonraí comhlánaithe acu ar an gClár Carthanas. Cé go raibh 9,061 charthanas ann ar an gClár Carthanas ag deireadh na bliana 2017, níl 3,075 cinn de na carthanas sin ar áireamh sa líon tuarascálacha bliantúla. Níl siad ar áireamh ann toisc nach gceanglaítear ar 1,757 gcinn de na carthanas ar an gClár tuairisciú go fóill mar gur carthanas nuachláráithe iad. Comhdóidh siad an chéad tuarascáil bhliantúil uathu sa bhliain 2018. Cé go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu tuairisciú, níl a sonraí comhlánaithe ar an gClár ag 1,318<sup>2</sup> gcarthanas eile, rud nach mór a dhéanamh sular féidir tuarascáil bhliantúil a chomhdú. Chuir thart ar 91% de charthanas a bhfuil an próiseas clárúcháin críochnaithe acu tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Rialálaí Carthanas (5,457 gcarthanas).

Tugtar sna tuarascálacha bliantúla a léirítear i bhFíor 2 do gheall le 6,000 carthanas cláráithe faisnéis faoi ghníomhaíochtaí bliantúla, faisnéis faoi conas a chuireann gach carthanas a gcuspóir carthanúil ar aghaidh chun leas an phobail agus sonraí faoi ioncam agus caiteachas, faoin líon fostaithe agus faoi chineálacha tairbhíthe agus faoin líon measta tairbhíthe sa tréimhse tuairiscithe.


2 Beidh carthanas a mhainneoidh tuarascálacha bliantúla a chomhdú faoi réir tuilleadh smachtbhannaí ón Rialálaí Carthanas, lena n-áirítear díchlárú.

Fíor 2: Carthanais de réir Ioncaim, mar atá sna Tuarascálacha Bliantúla uathu




I gcás 52% de na carthanais chlárúite a dhearbhaigh ioncam bliantúil os cionn €100,000 sa bhliain 2017, dhearbhaigh 2,094 cinn ioncam os cionn €250,000. Léirítear i bhFíor 3 na bandaí ioncaim os cionn €250,000 don 2,094 charthanas chlárúite sin.

Fíor 3: Carthanais a mbíonn a nIoncam Bliantúil os cionn €250,000



Dhearbhaigh thart ar 40% de na carthanais chláráithe a chomhdaigh tuarascálacha bliantúla sa bhliain 2017 nach raibh aon fhostaithe acu. Léirítear i bhFíor 4 thíos nach bhfostaíonn ach 15% de charthanais chláráithe níos mó ná 20 duine.

Fíor 4: Carthanais de réir an Lín Fostaithe



#### 2.2.4 Iontaobhaithe Carthanais

Is iad iontaobhaithe carthanais na daoine a bhfuil freagracht dhlíthiúil orthu as bainistiú carthanais. Cé gur ról deonach é, gabhann freagracht shuntasach leis an ról mar iontaobhaí carthanais. Maidir leis an teideal a bheidh ar iontaobhaí carthanais i gcarthanais ar leith, beidh sé sin ag brath ar struchtúr dlíthiúil an charthanais lena mbaineann. Is iad seo a leanas roinnt samplaí de sin:

- > Más **cuideachta** é an carthanais, is iad na hiontaobhaithe carthanais ná na stiúrthóirí agus na hoifigigh eile de chuid na cuideachta;
- > Más **comhlacht neamhchorpraithe nó comhlacht corpraithe** (seachas cuideachta) é an carthanais, áirítear le hiontaobhaithe an charthanais aon oifigigh nó aon daoine atá ag gníomhú i gcáil oifigiúil maidir leis an eagraíocht a stiúradh agus a rialú, amhail comhaltaí den bhord bainistíochta nó den choiste rialaithe;
- > Má **bunaíodh an carthanais faoi ghníomhas iontaobhais**, is iad na hiontaobhaithe carthanais ná na hiontaobhaithe atá sonraithe sa ghníomhas iontaobhais.


Mura bhfuil duine aonair cinnte faoi cé acu atá sé nó sí ina iontaobhaí carthanais nó ina hiontaobhaí carthanais nó nach bhfuil, tá sé tábhachtach go seiceálfadh sé nó sí struchtúr dlíthiúil an charthanais chun soiléiriú a fháil ar a ról. Tá sé tábhachtach go bhféachfadh sé nó sí ar bhunreacht nó ar ghníomhas iontaobhais ('doiciméad rialaithe') an charthanais freisin.

Is ról gan luach saothair é an ról mar iontaobhaí carthanais. I gcás go n-iarrfar díolúine charthanúil chánach agus go ndéanfar iarratas ar chlárú mar charthanais, is gnách go gceanglóidh na Coimisinéirí Ioncaim agus an Rialálaí Carthanais faoi seach nach gceapfaí iontaobhaithe carthanais chuig aon oifig de chuid na heagraíochta, agus nach sealbhódh siad aon oifig de chuid na heagraíochta, nach n-íocfaí tuarastal nó táillí leo agus nach bhfaigheadh siad aon luach saothair nó aon sochar eile in airgead nó i luach airgid ón eagraíocht<sup>3</sup>. Tríd is tríd, níor cheart aon íocaíochtaí a dhéanamh le hiontaobhaithe carthanais seachas i leith speansais as an bpóca, rud ar aisíocaíocht é, seachas luach saothair.

Léirítear i bhFíor 5 láthair gheografach na gcarthanais cláráithe in Éirinn agus na n-iontaobhaithe carthanais a chuireann a gcuspóirí carthanúla ar aghaidh. Léirítear sna figiúirí an staid mar a bhí ag deireadh mhí na Nollag 2017.

3 Féach Ceanglais Chláirúcháin an Rialálaí Carthanais, atá ar fáil ag <https://www.charitiesregulator.ie>

Fíor 5: Iontaobhaithe Carthanas agus Láthair Gheografach na gCarthanas



	CARTHANAIS	IONTAOBHAITHE
	7,377	38,278
Scoileanna	1,684	12,941
<b>Iomlán</b>	<b>9,061</b>	<b>51,219</b>

## 2.3 An Ról agus an Áit atá ag Carthanais in Éirinn an Lae Inniu


Is ag Éirinn atá stair fhada maidir le gníomhaíocht charthanúil, áit a mbíonn líon mór daoine ag cur a gcuid ama, airgid agus scileanna ar fáil ar bhonn deonach do chúiseanna carthanúla. Idir charthanais áitiúla bheaga a reáchtálann oibríthe deonacha go hiomlán iad agus eagraíochtaí domhanda móra a bhfuil láimhdeachas mór agus baill foirne íoctha acu, téann a gcuid tacaíochta agus oibre tathanta i bhfeidhm ar chóir a bheith gach réimse den saol in Éirinn. Sholáthraíodh a lán carthanas seirbhísí riachtanacha don daonra i mblianta tosaigh Stát na hÉireann agus tá sé sin ar cheann de na príomh-shaintréithe de shochaí na hÉireann go fóill.

Tá athrú ollmhór tagtha le blianta beaga anuas ar an timpeallacht ina n-oibríonn carthanais. I gcás carthanas mór, tháinig dúshlán nua as an laghdú ar an leibhéal foriomlán airgid phoiblí atá ar fáil agus as an mbéim mhéadaitheach ar luach ar airgead, ar éifeachtúlacht agus ar mhéadracht feidhmíochta<sup>4</sup>. D'fhéadfaí a rá, áfach, gur mhó fós na dúshlán a tháinig roimh charthanais bheaga agus mheánmhéide agus iad ag oiriúnu don timpeallacht nua, go háirithe ó thaobh bainistíochta, scileanna airgeadais agus acmhainní de. Cé go bhfuil siad beag, baineann ríthábhacht leis na carthanais sin toisc go sealbhaíonn siad acmhainn mhór le haghaidh nuálaíochta a bhaint amach agus go bhfuil inniúlacht chruthaithe acu fréamhacha láidir agus caidreamh láidir a chruthú le pobail agus daoine áitiúla.

Tuairiscíodh go forleathan roinnt teipeanna rialachais ardphróifíle i roinnt carthanas ag an am céanna, agus amhras á chothú agus iontaoibh á cailleadh i measc an phobail dá mbarr.

Léirítear i bhFíor 6 éabhlóid iontaoibh an phobail as carthanais (agus as institiúidí poiblí eile) thar thréimhse sé bliana.<sup>5</sup>

Fíor 6: Éabhlóid iontaoibh an Phobail as Carthanais agus as Institiúidí Poiblí eile



“Cá mhéad iontaoibhe atá agat as gach ceann de na hinstiúidí seo a leanas?” Rangaithe sa raon idir ‘Tá iontaoibh agam as an instiúid seo go pointe éigin’ agus ‘Tá iontaoibh mhór agam as an instiúid seo’

Foinse: Irish Charity Engagement Monitor, Samhain 2017, nfpSynergy | Bonn: 1,000 aosach os cionn 16 bliana, Éire

Leagtar ionchais mhéadaithe ó thaobh rialachais, cuntasachta, trédhearcachta agus éifeachtachta de ar gach ceann de na colúin aitheanta i sochaí na hÉireann anois – an Stát, cuideachtaí príobháideacha móra agus carthanais ina measc. Ba cheart do charthanais glacadh leis na hionchais sin. Ba cheart dóibh bunchaighdeáin rialachais a ghlacadh ina gcleachtas laethúil freisin, ar caighdeáin iad lena gcothófar an ceangal iontaoibhe atá ann idir iad féin agus na daoine a thugann tacaíocht dóibh.

4 Féach Boyle, R “Maintaining voluntary sector autonomy while promoting public accountability: managing government funding of voluntary organisations” (2002), An Clár Taighde ar an Tríú hEarnáil, Acadamh Ríoga na hÉireann. Féach freisin McInerney, C agus Finn, C “Caring at what cost?” (2015) [Impact].

5 Irish Charity Engagement Monitor, Samhain 2017, nfpSynergy

## 2.4 Sainmhíniú ar Dhea-Rialachas

Rinne an painéal breithniú ar roinnt sainmhíthe ar an rialachas, agus aird á tabhairt aige ar an ngá atá ann le sainmhíniú inoibrithe a bheadh úsáideach do gach carthanas agus gach iontaobhaí carthanais. Thar aon ní eile, féachann an painéal ar dhea-rialachas mar choincheap iomlánaíoch ba cheart a bheith ag teacht le luachanna agus cultúr eiticíúil an charthanais. Cé go mbaineann an-tábhacht le rialacha, próisis agus beartais maidir lena chinntiú go bhfeidhmíonn an carthanas go maith agus go gcomhlíonann sé ceanglais dhlíthiúla, ní éireoidh le dea-rialachas ach amháin i gcás go mbeidh sé fóirleabaithe i gcultúr agus creatlach gach carthanais, áit a gcothófar é i leith iompraíocht na n-iontaobhaithe carthanais ar dtús agus i measc na heagraíochta ar fad ina dhiaidh sin.

Sainmhíniú an painéal dea-rialachas mar a leanas: **na dualgais agus na freagrachtaí atá ar na hiontaobhaithe carthanais córais agus próisis a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbaineann an carthanas a chuspóirí carthanúla amach agus go gcothaíonn sé iad le hionracas agus go mbainistítear an carthanas ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil, cuntasach agus trédhearcach.**

## 2.5 Comhréireacht

Ón tús, chomhaontaigh an painéal gurb é an toradh ba cheart a bheith ar a chuid oibre ná an Rialálaí Carthanas a chumasú a chinntiú go gcuirfí creat comhréireach cuí a i bhfeidhm in Éirinn chun dea-rialachas carthanas a éascú.

Aithníonn an painéal an éagsúlacht leathan ó thaobh méide, cineáil agus cuspóra de atá ann i measc charthanais chláraithe na hÉireann agus tá sé den tuairim gur cheart samhail ‘aonfhoirmeach’ dea-rialachais a sheachaint. Mar sin féin, níl aon amhras ar an bpainéal ach gur cheart do gach carthanas cláraithe cloí le tacar comhaontaithe bunchaighdeán rialachais ina gcuid oibre.

Dá bhrí sin, rinne an painéal iarracht chúramach na moltaí uaidh a chothromú chun a chinntiú gur féidir le carthanais, go háirithe carthanais bheaga, iad a chomhlíonadh.

## 2.6 Cur Chuige an Phainéil i leith a Théarmaí Tagartha

Bhunaigh an painéal trí ghrúpa oibre chun breithniú níos mine a dhéanamh ar gach ceann de na sainorduithe a bhí aige. Rinne an painéal iomlán breithniú ar na haschuir ón obair sin agus cuireadh iad san áireamh sna tuairimí agus sna moltaí deiridh.

Thug na comhaltaí den Phainéal aird ar na nithe seo a leanas freisin:

An saineolas, an t-eolas praiticiúil agus an taithí atá acu féin ar an rialachas;

- An cur chuige a glacadh i ndlínsí difriúla, a mhéid a bhain sé sin le rialachas níos fearr a éascú;
- Taighde a foilsíodh in Éirinn roimhe seo maidir leis an rialachas carthanas;
- Próiseas comhairliúcháin phoiblí ar éascaigh an Rialálaí Carthanas é (féach Aguisín 3); agus
- Na tuairimí ó roinnt leas-sealbhóirí roghnaithe ar tugadh cuireadh dóibh bualadh leis an bpainéal.

Ceann de na chéad rudaí a rinne an painéal ba ea creat coincheapúil rialachais a bhunú chun a chuid oibre a threorú agus chun an tuarascáil seo a struchtúru. Mar sin, déantar an rialachas a choincheapú sa chreat mar struchtúr pirimidiúil atá comhdhéanta de thrí phríomhghné. Comhfhreagraíonn gach ceann de na gnéithe sin do théarmaí tagartha an phainéil, mar atá leagtha amach i gcuid 2.1 den tuarascáil seo:

1. Reachtaíocht agus Rialáil: an reachtaíocht phríomha (Achtanna den Oireachtas) agus an reachtaíocht thánaisteach (ionstraimí reachtúla, rialacháin agus orduithe) is infheidhme, i.e. ‘reachtaíocht chrua’;
2. Cóid Rialachais agus treoirlínte, i.e. ‘reachtaíocht bhog’;
3. Treoir ghaolmhar, tacaíocht ghaolmhar agus oideachas gaolmhar chun tacú le reachtaíocht chrua agus le reachtaíocht bhog araon.

Léirítear creat rialachais an phainéil i bhFíor 7 thíos.

#### Fíor 7: Creat Coincheapúil Rialachais an Phainéil<sup>6</sup>



<sup>6</sup> Tá creat coincheapúil rialachais an Phainéil bunaithe go garbh ar shamhail shofhreagrach comhlíonta Ayres agus Braithwaite (1992), rud ar a dtugtar pirimid comhlíonta Ayres agus Braithwaite freisin. Léirítear i bpirimid comhlíonta Ayres agus Braithwaite géarú ar an bhfreagairt rialála do neamhchomhlíonadh, áit a mbíonn na smachtbhannaí is crua ar na smachtbhannaí is lú úsáid. Chuir an painéal an creat in oiriúint dó féin. I gcreat an phainéil, léirítear treoirlínte reachtaíochta boige ag bun na pirimide, léirítear cóid rialachais reachtaíochta boige de chineál ‘comhlíonadh nó míniú’ sa lár, agus léirítear reachtanna agus rialacháin reachtaíochta crua de chineál ‘comhlíonadh nó pionóis’ ag an mbarr.

Ayres, I. agus Braithwaite, J. 1992. *Responsive Regulation: Transcending the Deregulation Debate*. Oxford: Oxford University Press.



Agus na téarmaí tagartha curtha i láthair ar dtús, leagtar amach i ngach caibidil na tuairimí agus na moltaí ón bpainéal, atá bunaithe ar na torthaí ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.

**Tábla 2: Formáid na gcaibidlí ina dhiaidh seo sa tuarascáil ón bpainéal agus na téarmaí tagartha a bpléitear leo i ngach ceann díobh**

Caibidil	Na Téarmaí Tagartha a bpléitear leo
3	Na roghanna a eascraíonn as an gcumhacht atá ag an Aire chun rialacháin i ndáil le Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla a dhéanamh de bhun alt 4 d'Acht 2009 (téarma tagartha 3).
4	Na bealaí inar féidir leis an Rialálaí Carthanas feabhas ar riaradh, bainistiú agus rialachas carthanas a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear go háirithe ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus raon doiciméad eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú) a mheasann an Painéal a bheith ábhartha le linn dó a chuid oibre a chur i gcrích (téarma tagartha 1).
5	Na bealaí inar féidir leis an Rialálaí Carthanas comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanas a chur chun cinn i stiúradh, rialú agus bainistiú iontaobhas carthanúil agus eagraíochtaí carthanúla (téarma tagartha 2).

## 3

# Rialacháin i ndáil le Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla

## 3.1 Téarmaí Tagartha

Tugadh sainordú don phainéal breithniú a dhéanamh ar na roghanna a eascraíonn as an gcumhacht atá ag an Aire chun rialacháin i ndáil le rialachas carthanas a dhéanamh.

Mar atá leagtha amach i gcuid 2.6 den tuarascáil seo, díreann go príomha sa chaibidil seo ar an gcéad chiseal dár gcreat coincheapúil rialachais agus scrúdaítear inti an tsaincheist a bhaineann le rialacháin don earnáil carthanas. Sa chaibidil seo, achoimrítear na tuairimí ón bpainéal (3.2) agus leagtar amach ansin na moltaí uaidh maidir le treoirlínte agus cóid rialachais (3.3).



Thug an painéal aghaidh ar an gcúram a bhí air trí bhreithniú a dhéanamh ar dtús ar an gcuma a bheadh ar chreat rialála láidir comhréireach. Ina dhiaidh sin, shainaithin sé na réimsí den Acht lena dtugtar cumhacht shainráite chun rialacháin a dhéanamh agus rinne sé scrúdú ar a ábhartha atá na réimsí sin maidir le dea-rialachas.

## 3.2 Tuairimí

### 3.2.1 Creat Rialála

Is gnách go n-úsáidtear an téarma ‘rialáil’ chun cur síos a dhéanamh ar an gcóras reachtúil ar fad lena rialáitear earnáil nó gníomhaíocht ar leith. Is é atá i gceist le rialáil den sórt sin an reachtaíocht phríomha agus an reachtaíocht thánaisteach ar fad atá i bhfeidhm. Is é atá i gceist léi freisin bearta chun feabhas a chur ar chleachtas trí threoirlínte agus cóid a bheith á soláthar ag an údarás maoirseachta iomchuí. Chomhaontaigh an painéal gur fiú na gnéithe difriúla de chreat rialála a leagan amach.

Is é a bhíonn i gcreat rialála de ghnáth ná reachtaíocht chrua amhail reachtaíocht phríomha agus reachtaíocht thánaisteach. Maidir le carthanas, cuimsíonn an reachtaíocht sin na hAchtanna Carthanas, 1961 go 2009, agus aon rialacháin ghaolmhara. Leagtar amach iontu na nithe ‘éigeantacha’ nach mór a chur chun feidhme agus na pionóis a ghearrtar i leith mainneachtain comhlíonadh. Áirítear léi freisin reachtaíocht lena dtugtar cumhachtaí do chomhlachtaí amhail na Coimisinéirí Ioncaim, an Garda Síochána agus údaráis éagsúla Stáit a théann i bhfeidhm ar raon feidhme na gníomhaíochta faoina dtugann carthanas chláráithe na hÉireann.

Is an-mhínic a eisítear treoirlínte agus cóid freisin. Is uirlisí ábhartha reachtaíochta boige iad sin, atá deartha chun cleachtas níos fearr a spreagadh agus a chumasú trí na nithe ‘ba chearta a dhéanamh’ a leagan amach. Is gá meascán cuí reachtaíochta cruá agus reachtaíochta boige a bheith ann chun creat rialála cothromaithe comhréireach a fhorbairt.

### 3.2.2 Reachtaíocht Phríomha

Ceann de na haidhmeanna atá leis an Acht Carthanas 2009 is ea a fhoráil do rialáil níos fearr a dhéanamh ar charthanas agus do chosaint níos fearr a thabhairt dóibh. Tosaíodh príomhforálacha an Achta an 16 Deireadh Fómhair 2014 nuair a cuireadh an Rialálaí Carthanas ar bun. Leagtar amach san Acht na dualgais agus na freagrachtaí atá ar iontaobhaithe carthanas agus tugtar leis cumhachtaí fairsinge don Rialálaí Carthanas chun comhlíonadh an dlí a chinntiú.

Ceanglaítear leis an Acht ar aon eagraíocht a bhfuil cuspóirí carthanúla mar chuspóirí eisiacha aici, a ghníomhaíonn chun leas an phobail agus ar mian léi oibriú nó gníomhaíochtaí a sheoladh in Éirinn iarratas a dhéanamh ar chlárú.

Tugtar le Cuid 4 den Acht cumhachtaí leathana imscrúdaithe don Rialálaí, lena n-áirítear an chumhacht chun ceangal a chur ar iontaobhaithe carthanas leabhair, taifid nó doiciméid eile a thabhairt ar aird. Cumhdaítear inti freisin na hiarmhairtí atá ag sárúithe ar an Acht. I gcúinsí áirithe, féadfaidh an Rialálaí iontaobhaithe carthanas a ionchúiseamh, smachtbhannaí idirmheánacha a fhorchur, carthanas a bhaint den Chlár Carthanas ar feadh tréimhse shonraithe nó sonraí an tsáraithe lena mbaineann a fhoilsiú ar a shuíomh Gréasáin. Ní mór d’iontaobhaithe carthanas ceanglais an Achta a chur chun feidhme agus a chinntiú go gcomhlíonann an carthanas an tAcht.

### 3.2.3 Reachtaíocht Thánaisteach - Rialacháin

Áirítear le reachtaíocht thánaisteach ionstraimí reachtúla a theastaíonn chun éifeacht a thabhairt do chodanna éagsúla d’aon Acht. Mar shampla, foráiltear le halt 4(1) den Acht go bhféadfaidh ‘...an tAire foráil a dhéanamh le rialacháin d’aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá le forordú’. Chuige sin, foráiltear leis an Acht do rialacháin ón Aire a dhéanamh i ndáil le hocht bhforáil shonraithe<sup>7</sup> den Acht. Tá baint ag cúig cinn ar a laghad de na hocht bhforáil sin le nithe a bhaineann leis an rialachas, mar shampla na forálacha i leith na nithe seo a leanas: an cineál faisnéise a shealbháitear ar an gClár Carthanas, na ceanglais chuntasáíochta agus tuairiscithe airgeadais, na ceanglais iniúchta, na ceanglais tuairiscithe bhliantúil, agus cleachtais chruinnithe airgid a rialáil.

Tugtar le halt 4 freisin de chumhacht don Aire, le linn rialacháin a dhéanamh faoin Acht, cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha nó iarmhartacha a áireamh iontu is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

7 Ailt 34, 39(5)(p), 46(8), 48, 51, 52, 66 agus 97 den Acht Carthanas 2009

Chuiqe sin, thug an Rialálaí Carthanas le fios go bhfuil sé beartaithe aige, ar leithligh ó obair an phainéil, rialacháin a lorg a bhaineann le cuntasáíocht agus le tuairisciú. Beidh na rialacháin sin ina mbonn agus ina gcreat ríthábhachtach lena gcumasófar do charthanais feabhas a chur ar a rialachas. Is eol don phainéal freisin gur iarr an Rialálaí Carthanas leasú ar an Acht chun a chinntiú, a luaithe a thabharfar isteach iad, go mbeidh feidhm ag na rialacháin sin maidir le carthanais ar cuideachtaí iad. Cinnteofar leis an gcur chuige sin creat comhleanúnach comhréireach do chuntasáíocht agus do thuairisciú araon i measc gach carthanas cláraithe in Éirinn.

I dteannta na nithe thuas, tá réimsí sonracha ann ar ina leith a d'fhéadfadh an Rialálaí Carthanas rialacháin nua a mholadh a bhfuil baint acu le nithe a bhaineann leis an rialachas:

- Maidir leis an réimse a bhaineann le cineál agus cáilíocht na faisnéise a shealbhaítear ar an gClár Carthanas, agus a bhféadfar rialacháin a dhéanamh ina leith faoi alt 39(5) den Acht, tugann sé comhthéacs ar ina aghaidh is féidir leis an Rialálaí Carthanas measúnú a dhéanamh ar an acmhainn atá ag eintiteas carthanúil. De réir mar a mhéadaíonn an bonn fianaise le himeacht ama, is dóigh go mbeidh an Rialálaí Carthanas ag iarraidh níos mó faisnéise agus sonraí faoi charthanais ná an méid dá bhforáiltear san Acht faoi láthair. Fágann sé sin gur féidir go mbeidh rialacháin nua ag teastáil.
- Tá an rialáil cruinnithe airgid ina hábhar a ndearna painéal comhairleach roimhe seo breithniú air agus ar ina leith a d'eisigh an Rialálaí Carthanas treoirínite nua le déanaí.<sup>8</sup> Mar sin, ní bheartaímid an réimse sin a athscrúdú ag an am seo.

Measann an painéal gurb é an toradh a bheidh ar rialacháin chuntasáíochta agus tuairiscithe a thabhairt isteach ná go méadófar trédhearcacht, go ndreasófar an dea-chleachtas rialachais agus go gcuirfear ar chumas carthanas an trédhearcacht agus an dea-chleachtas sin a fhianú don Rialálaí Carthanas, do shíntiúsóirí, do thairbhíthe agus don phobal. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí na rialacháin sin isteach ar bhealach comhordaithe pleanáilte agus go mbeadh sraith treoirínite ag gabháil leo chun iontaobhaithe carthanais, bainisteoirí agus comhairleoirí a chur ar an eolas faoin dóigh ar féidir le tuairisciú bliantúil airgeadais agus insinte ag carthanais tacú le dea-rialachas a shaothrú agus faoin dóigh ar féidir leis an tuairisciú sin dea-rialachas a fhianú.

Tá an painéal den tuairim nach cuí an rud é rialacháin bhreise reachtaíochta crua atá sonracha don rialachas a thabhairt isteach ag an am seo agus measann sé gur cheart tús áite a thabhairt do rialacháin chuntasáíochta agus tuairiscithe.

Tá an painéal den tuairim freisin gur cur chuige níos comhréirí ina leith sin is ea treoirínite nó cóid rialachais reachtaíochta boige a cheadú/a eisiúint, mar a scrúdaítear agus a mholtar níos déanaí sa tuarascáil seo.

8 An Rialálaí Carthanas – ‘Treoirínite d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal’ (Meán Fómhair 2017); Ar fáil ó: [www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)

### 3.2.4 An Comhairliúchán Poiblí

Cé gur díriodh go príomha sa chomhairliúchán poiblí ar na gnéithe a bhaineann le cód rialachais agus le tacaíocht a thabhairt d'iontaobhaithe carthanais, bhí fonn soiléir ar an bpobal tuilleadh trédhearcachta a chinntiú sa dóigh a dtugann carthanais cuntas dá síntiúsóirí, dá dtairbhíthe agus don phobal sa dóigh a gcaitheann siad a gcuid airgid.

Measadh nach mór do gach carthanas ráitis airgeadais chuí a chur isteach, is cuma cén mhéid é an carthanas agus cén áit a bhfuil sé lonnaithe. Dar le duine aonair san aighneacht uaithe:

“Ba cheart do gach carthanas, beag beann ar a láimhdeachas agus ar a méid, ráiteas mionsonraithe bliantúil loncaim agus Caiteachais a sholáthar. Ba cheart don phobal rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis sin.”

## 3.3 Moltaí

Déanann an painéal an moladh seo a leanas:

**1**

Seachas rialacháin bhreise atá sonracha don rialachas a eisiúint, cur chuige níos comhréirí ina leith sin, mar atá leagtha amach sa tuarascáil seo, is ea treoirínte nó cóid rialachais a cheadú/a eisiúint.


## 4

# Cóid Rialachais

## 4.1 Téarmaí Tagartha

Tugadh sainordú don phainéal breithniú a dhéanamh ar shraith roghanna chun feabhas ar riaradh, bainistiú agus rialachas carthanas a spreagadh agus a éascú trí fhaisnéis nó comhairle a sholáthar, lena n-áirítear ar mhodh treoirlínte, cód cleachtais agus raon doiciméad eiseamláireach a eisiúint (nó, de réir mar is cuí leis, a cheadú) a mheasann an painéal a bheith ábhartha le linn dó a chuid oibre a chur i gcrích. Rinne an painéal iniúchadh ar na roghanna ina leith sin agus chuir sé moltaí i láthair lena mbreithniú ag an Rialálaí Carthanas.

Mar atá leagtha amach i gcuid 2.7 den tuarascáil seo, díritear sa chaibidil seo ar an dara ciseal dár gcreat coincheapúil rialachais agus scrúdaítear inti an coincheap a bhaineann le cód rialachais do charthanas. Sa chaibidil seo, achoimrítear na tuairimí ón bpainéal (4.2) agus leagtar amach ansin na moltaí uaidh maidir le cód den sórt sin (4.3).



## 4.2 Tuairimí

Rinne an painéal breithniú ar thrí phríomh-shaincheist:

- Ar cheart d'Éirinn cód rialachais atá sonrath do charthanais chláráithe na hÉireann a bheith aici?
- Dá mba cheart, ar cheart don Rialálaí Carthanas an cód sin a eisiúint nó a fhorhúiniú?
- I gceachtar cás, ar cheart ceann amháin de na cóid reatha a ghlacadh, ar cheart cód reatha a oiriúint nó ar cheart cód úrnua a fhorbairt?

Agus breithniú á dhéanamh ar na ceisteanna sin, tháinig roinnt saincheisteanna eile, amhail iad seo a leanas, chun cinn:

- Cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh cód a bheith ina bhealach éifeachtach chun dea-rialachas a bhaint amach agus a chothú agus cén dóigh a bhféadfaí an toradh sin a bhaint amach;
- Cé acu ba cheart cód a bheith bunaithe ar phrionsabail (i.e. rud ina leagtar amach príomhchuspóirí ba cheart a ghlacadh go deonach ar deireadh) nó a bheith bunaithe ar rialacha (i.e. liosta rialacha mionsonraithe nach mór cloí leo);
- Na ceanglais íosta rialachais ba cheart d'aon charthanas cláráithe a bheith i bhfeidhm aige;
- Aon ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint;
- Comhréireacht;
- Na costais/an chastacht a bhaineann le cóid éagsúla a chomhlíonadh.

### 4.2.1 Coincheap an Chóid Rialachais

Bhí an earnáil carthanas agus dheonach ar thús cadhnaíochta na hoibre go dtí seo in Éirinn chun creataí, treoracha agus cóid éagsúla a fhorbairt ar mhaithe le feabhas a chur ar an rialachas.

Ní ráiteas dlí iad na cóid rialachais sin. Ina ionad sin, leagtar amach iontu na caighdeáin is airde iompraíochta ar cheart d'iontaobhaithe carthanais féachaint le iad a ghlacadh chun a thaispeáint go bhfuil siad tiomanta do ghníomhú le barr leasa an charthanais.

#### 4.2.1.1 Cé na Cóid atá ann?

- **Ráiteas maidir le Treoirphrionsabail le haghaidh Cruinniú Airgid**

Chuir an Grúpa um Athchóiriú Cánach Charthanais na hÉireann (ICTR) an 'Ráiteas maidir le Treoirphrionsabail le haghaidh Cruinniú Airgid'<sup>9</sup> le chéile sa bhliain 2008. Ba chóid deonach é, a raibh feidhm aige maidir le gach gníomhaíocht cruinnithe airgid de chuid carthanas. Cuireadh na 'Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal' ón Rialálaí Carthanas (Meán Fómhair 2017)<sup>10</sup> in áit an chóid ina dhiaidh sin, ar Treoirlínte iad lena ngabhann na 'Cóid um Dhea-Chleachtas Cruinnithe Airgid' ó Institiúid Carthanas Éireann (Meán Fómhair 2017).<sup>11</sup>

9 Féach <https://www.charitiesinstituteireland.ie/guidelines-for-charitable-organisations-fundraising-from-the-public/>

10 Féach <http://www.charitiesregulator.ie>

11 Dearadh na Cóid um Dhea-Chleachtas Cruinnithe Airgid ó Institiúid Carthanas Éireann (na 'Cóid ó Institiúid Carthanas Éireann') chun tacú leis na 'Treoirlínte d'Eagraíochtaí Carthanúla maidir le Cruinniú Airgid ón bPobal' agus chun iad a chomhlánú. Is acmhainní iad lena gcabhraítear le cruinnitheoirí airgid a chinntiú go mbíonn siad ag oibriú go héifeachtach agus go mbíonn oibleagáidí dlíthiúla a n-eagraíochta á gcomhlíonadh ina n-iomláine acu. Féach <https://www.charitiesinstituteireland.ie/the-cii-codes>

### > An Cód Rialachais Chorparáidigh ó Eagraíochtaí Forbartha Neamhrialtasacha na hÉireann

Leagtar amach sa ‘Chód Rialachais Chorparáidigh ó Eagraíochtaí Forbartha Neamhrialtasacha na hÉireann’<sup>12</sup> cód cuimsitheach iompair agus dea-chleachtais le haghaidh rialachas Eagraíochtaí Forbartha Neamhrialtasacha idirnáisiúnta neamhbhrabúis. D’fhorbair Cumann Rialachais Chorparáidigh na hÉireann an cód i gcomhpháirt le Dóchas, ar bratchomhlacht don earnáil é. Ar an gcúis sin, tugtar ‘Cód Dóchas’ air freisin.

Is é an aidhm atá leis an gcód éifeachtacht a fheabhsú trí dhea-rialachas a shoiléiriú. Díritear ann ar an mbord agus cuirtear seacht bprionsabal in iúl ann: ceannaireacht; cuntasacht; freagrachtaí; athbhreithniú agus athnuachan; tarmligean; ionracas; agus oscailteacht. Is é a ghabhann le gach prionsabal ná sraith ráiteas tacaíochta ina sainítear dea-chleachtas agus ina dtugtar treoir phraiticiúil maidir le cur chun feidhme. Ní mór do gach ball de Dóchas cloí leis an gcód agus ní mór gealladh cloí leis an gcód sula nglacfar le haon iarratas ar bhallraíocht den chomhlacht. Beidh feidhm ag an bprionsabal ‘comhlíonadh nó míniú’ ina dhiaidh sin.

### > Cód Cleachtais maidir le Dea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanúla in Éirinn

Seoladh an ‘Cód Cleachtais maidir le Dea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanúla in Éirinn’<sup>13</sup> i mí Feabhra 2012. Ba é grúpa eagraíochtaí náisiúnta<sup>14</sup> a sheol an Cód, tar éis dóibh teacht le chéile mar gheall ar an bhfís chomhroinnte a bhí acu an acmhainn ar a dtugtar an Cód Rialachais freisin a chruthú. Is é aidhm an chóid trédhearcacht agus éifeachtacht a mhéadú agus leas-sealbhoirí a chur ar a suaimhneas gur eagraíocht dea-riartha í aon eagraíocht a chomhlíonann an cód agus go ndéantar dea-bhainistiú ar a cistí. Is cód deonach é agus oibrítear é bunaithe ar an bprionsabal ‘comhlíonadh nó míniú’.

Déantar idirdhealú sa chód idir trí chineál eagraíochtaí: cineál A (eagraíochtaí a réachtálann oibríthe deonacha iad agus nach bhfuil aon fhostaithe acu, i bhformhór na gcásanna), cineál B (eagraíochtaí ag a bhfuil líon beag fostaithe, ag a bhfuil daoine ar a mbord agus ag a bhfuil acmhainn bhainistíochta, i bhformhór na gcásanna), agus cineál C (eagraíochtaí ag a bhfuil leithscaradh soiléir ról idir an bord agus bainisteoirí agus ag a bhfuil níos mó ná deichniúr fostaithe, i bhformhór na gcásanna).

Is é atá sa chód ná cúig phríomhphrionsabal agus sraith fophrionsabal, agus cleachtas bhoird chomhfheagracha mholta ag gabháil leo. Is iad seo na cúig phríomhphrionsabal: stiúradh; rialú a fheidhmiú; bheith trédhearcach agus cuntasach; obair go héifeachtach; agus iompar le hionracas.

Rinneadh athbhreithniú trí bliana ar chur chun feidhme an chóid sa bhliain 2015/2016 agus eisíodh an dara heagrán den chód mar thoradh ar an athbhreithniú sin. Ba é an t-athrú ba shuntasá sa dara heagrán ná treoirlínte maoirseachta leas-sealbhoirí a chur leis an gcód. Tá sé mar aidhm leis na treoirlínte sin cur ar chumas leas-sealbhoirí, amhail baill, cleithiúnaithe, oibríthe deonacha, síntiúsóirí, maoinitheoirí agus rialálaithe, measúnú a dhéanamh ar na dearbhuithe ‘comhlíonadh nó míniú’ agus iad a rátáil dá réir sin. Cuirtear in iúl go soiléir sa chód gur ar na hiontaobhaithe carthanas atá an fhreagracht iarbhrí as an gcód a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh.

### > Cóid Eile

Tháinig leaganacha éagsúla dea-chleachtais, cód agus treorach rialachais chun cinn san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon cheana féin. Ina lán cásanna, ba tar éis scannail chorparáideacha a eisíodh iad. Tá sé mar aidhm leis na cóid agus leis an treoir sin roinnt príomhphrionsabal maidir le riar fóna eiticúil a leagan síos do na heintitis lena mbaineann.

12 Féach [http://dochas.ie/sites/default/files/CGAI\\_Governance\\_Code\\_FINAL\\_0.pdf](http://dochas.ie/sites/default/files/CGAI_Governance_Code_FINAL_0.pdf)

13 Féach <http://www.governancecode.ie/the-code.html>

14 Boardmatch Ireland, Gnó sa Phobal in Éirinn, Ionad Carmichael do Ghrúpaí Deonacha, Institiúid Carthanas Éireann, Clann Credo, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas, Obair Dheonach Éireann agus The Wheel



Áirítear iad seo a leanas leis na samplaí díobh sin a eisíodh don earnáil phoiblí le déanaí: an ‘Cód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit’ (2016),<sup>15</sup> an ‘Caighdeán Rialachais Chorporáidigh don Státseirbhís’ (2015),<sup>16</sup> ‘Prionsabail Rialachais agus Creat Rialachais don Earnáil Rialtais Áitiúil’ (2015),<sup>17</sup> ‘Cód Rialachais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte’ (2015)<sup>18</sup> agus ‘Caighdeán Rialachais agus Creat Measúnaithe le haghaidh Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe in Éirinn a Rialáil’ (2017).<sup>19</sup> Tá ‘Cód Rialachais Chorporáidigh na Ríochta Aontaithe’ (2016)<sup>20</sup> agus ‘Prionsabail Rialachais Chorporáidigh na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta’ (2015)<sup>21</sup> ábhartha go háirithe d’eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

Thug an painéal faoi deara gur ar a lán carthanais in Éirinn faoi láthair atá ceanglais rialála, ceanglais tuairiscithe agus ceanglais chomhlíonadh cistiúcháin ó raon éagsúil comhlachtaí reachtúla, rud a leagann ualach méadaitheach ar na heagraíochtaí lena mbaineann. Ina theannta sin, rinneadh an idirghníomhaíocht idir an iomad éileamh rialála agus tuairiscithe ó shintíúsóirí, ó mhaoinitheoirí agus ó chomhlachtaí formhaoirseachta – ar éilimh iad atá ar leithligh óna chéile ach atá gaolmhar lena chéile – a shainathint mar ní ar leith a chuireann as do chroí-oibríochtaí eagraíochtaí carthanúla.

#### 4.2.1.2 Forbhreathnú Idirnáisiúnta

Faoi mar a tharla in Éirinn, bhí an earnáil carthanais ar thús cadhnaíochta na hoibre chun cóid rialachais a fhorbairt i dtíortha eile (féach Aguisín 2). I Sasana agus sa Bhreatain Bheag, chuir an Líonra Iontaobhaithe Carthanais an doiciméad ‘Dea-Rialachas, Cód don Earnáil Dheonach agus Pobail’ le chéile.<sup>22</sup> I Singeapór, d’fhoilsigh an Chomhairle Carthanais an ‘Cód Rialachais do Charthanais agus d’Institiúidí de Ghné Phoiblí’.<sup>23</sup> I dTuaisceart Éireann, cheap an Grúpa um Rialachas a Fhorbairt an ‘Cód Dea-Rialachais’<sup>24</sup>, rud ar fhorghníomh an Coimisiún Carthanais do Thuaisceart Éireann é. I gCeanada, d’fhoilsigh an tIonad Barr Feabhais sa Rialachas an ‘Treoir maidir le Dea-Rialachas: Eagraíochtaí Neamhbhrabúis agus Carthanúla’.<sup>25</sup>

Cé nach ann do chóid shonracha i ndlínsí eile (amhail an Nua-Shéalainn, Albain agus an Astráil), soláthraíonn an Rialálaí Carthanais ábhartha treoir úsáideach maidir leis an dea-chleachtas ó thaobh dea-rialachais de. Is fiú a thabhairt faoi deara gur tharla sé, tar éis eachtra a thit amach i ndáil leis an rialachas san earnáil carthanais i Sasana agus sa Bhreatain Bheag le déanaí, gur ullmhaíodh cóid rialachais deonach atá bunaithe ar phrionsabail agus a oibrítear laistigh de thimpeallacht rialála thacúil. Tá an Coimisiún Carthanais do Shasana agus don Bhreatain Bheag tar éis ‘Cód Rialachais Charthanais’ ar leith atá neamhspleách agus bunaithe ar an earnáil a fhorghníomhú go foirmiúil mar chód rialachais deonach atá bunaithe ar phrionsabail.<sup>26</sup> Chuir an Coimisiún treoirlínte lena bpléitear leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar iontaobhaithe carthanais ar fáil ar a shuíomh Gréasáin féin freisin.

Sa ‘Chód Rialachais Charthanais’ (Iúil 2017), tugtar isteach ‘bonnphrionsabal’ ina luaitear nach mór d’iontaobhaithe carthanais bunchomhlíonadh dlíthiúil agus rialála a chinntiú. Tá an chuid eile den chód comhdhéanta de phríomhphrionsabail, atá le glacadh ag iontaobhaithe carthanais le himeacht ama.

Éascaítear leis an bhfoirmle sin cóid deonach atá bunaithe ar phrionsabail agus atá dírithe ar an gcleachtas is fearr a bhaint amach. Éascaítear léi freisin creat rialála atá bunaithe ar rialacha agus ina leagtar síos na buncaighdeáin nach mór do gach eagraíocht cloí leo.

15 Féach <http://www.per.gov.ie/en/revised-code-of-practice-for-the-governance-of-state-bodies/>

16 Féach <http://www.per.gov.ie/en/corporate-governance-standard/>

17 Féach <https://www.tipperarycoco.ie/sites/default/files/Publications/governance%20principals%20framework%20for%20LA%20sector.pdf>

18 Féach <https://www.hse.ie/eng/about/who/directoratemembers/codeofgovernance/governance.html>

19 Féach <https://www.housingagency.ie/Regulation/GOVERNANCE-STANDARD-AHB-SECTOR-2017-ONLINE.pdf>

20 Ar fáil ó: <https://www.frc.org.uk/directors/corporate-governance-and-stewardship/uk-corporate-governance-code>

21 Ar fáil ó: <https://www.oecd.org/daf/ca/Corporate-Governance-Principles-ENG.pdf>

22 Ar fáil ó: [http://www.ecgi.org/codes/documents/vol\\_sector\\_code\\_uk\\_jun2005.pdf](http://www.ecgi.org/codes/documents/vol_sector_code_uk_jun2005.pdf)

23 Ar fáil ó: <https://www.charities.gov.sg/manage-your-charity/Day-to-Day-Operations-of-Charity-IPC/Pages/Code%20of%20Governance%20for%20Charities%20and%20IPCs.aspx>

24 Ar fáil ó: <http://www.volunteernow.co.uk/fs/doc/publications/revised-code-of-good-governance-jan16.pdf>

25 Ar fáil ó: [http://www.gbachc.ca/BoD/orientation\\_manual/2.1%20-%20GuidetoGoodGovernance.pdf](http://www.gbachc.ca/BoD/orientation_manual/2.1%20-%20GuidetoGoodGovernance.pdf)

26 Eisíodh an tríú heagrán den Chód faoin teideal ‘An Cód Rialachais Charthanais’ (féach [www.charitygovernancecode.org](http://www.charitygovernancecode.org)).

## 4.2.2 An Comhairliúchán Poiblí

Cuireadh tacaíocht láidir do chód rialachais do charthanais chláraithe na hÉireann in iúl ar fud an phróisis chomhairliúcháin. Bhí formhór na bhfreastalaithe agus na bhfreagraithe i bhfabhar an cód a bheith á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas agus a bheith á cheadú/á fhorhhuiniú ag an earnáil. Mar an gcéanna, moladh i bhformhór na n-aighneachtaí go rachadh an Rialálaí Carthanas agus an earnáil i mbun próiseas comhoibríoch forbartha.

### 4.2.2.1 Cineál Cóid

Dúradh in aighneacht ó dhuine aonair:

“Ní gá rialacha agus prionsabail a bheith comheisiatach D’fhéadfadh cód éigeantach bunrialacha agus bunchleachtas ón Rialálaí a bheith ann do gach carthanas agus d’fhéadfadh treoir chomhlántach maidir le cleachtais fheabhsaithe rialachais atá bunaithe ar phrionsabail ó chomhlacht earnála a bheith ann do charthanais os cionn méid áirithe.”

Maidir leis sin, dúirt eagraíocht amháin san aighneacht uaithi:

“An toradh a bheadh againn ba ea cód rialachais deonach ‘aontaithe’ nua a bheadh bunaithe ar phrionsabail agus a bheadh comhréireach le próifíl na hearnála carthanas in Éirinn.”

Mar an gcéanna, moladh in aighneacht eile:

“Céim dhearfach chun cinn a bheadh i gcroíchód aonair a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar an rialachas sa líon mór cineálacha eagraíochtaí atá ann.”

Moladh i roinnt aighneachtaí go n-áireofaí na nithe seo a leanas leis na caighdeáin íosta a mbeifí ag súil leo i ngach carthanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Bunreacht a bheith i bhfeidhm acu;
- Cuspóir carthanúil an charthanais a choinneáil agus a chothabháil;
- Clárú leis an Rialálaí Carthanas;
- Tuarascáil bhliantúil a chur isteach;
- Cruinniú ginearálta bliantúil a thionól;
- Cathaoirleach agus cisteoir (agus rúnaí cuideachta, más cuideachta é an carthanas) a cheapadh;
- Tuarascáil bhliantúil agus ráiteas airgeadais a thabhairt ar aird, rud ina dtugtar leibhéal shonracha faisnéise arna n-iarraidh ag an Rialálaí Carthanas;
- Miontuairiscí a choinneáil ar gach cruinniú boird;
- Cuntais chúí atá cothrom le dáta agus a bhfuil fáil orthu a choimeád;
- Staonadh ó íocaíochtaí a dhéanamh le hiontaobhaithe an charthanais;
- Díl na gcuideachtaí a chomhlíonadh (más infheidhme).

#### 4.2.2.2 Comhréireacht

Ábhar imní soiléir a léiríodh i bhformhór na n-aighneachtaí agus a cuireadh in iúl ag cruinnithe poiblí, agus a bhí ag teacht le tuairim an phainéil é féin, ba ea an gá atá ann le comhréireacht. Cuireadh in iúl go seasta go bhféadfaí an cód a chur chun feidhme de réir a chéile, gur cheart é a bheith comhréireach, mar shampla, le méid an charthanais agus leis an líon oibríthe deonacha atá aige, agus go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh ann idir eagraíochtaí atá á gcistiú ag an Stát agus eagraíochtaí nach bhfuil á gcistiú ag an Stát.

#### 4.2.2.3 An Gá atá ann le Dúbláil a Sheachaint

Téama a tháinig chun cinn ag gach ceann de na cruinnithe poiblí agus sa cheistneoir ar líne araon ba ea an gá atá ann le deireadh a chur le dúbláil. Agus comhsheasmhacht á hiarraidh acu, chuir freagraithe frustrachas in iúl maidir leis an easpa smaointeoireachta comhleanúnaí i measc maoinitheoirí Stáit, comhlachtaí Stáit agus rialálaithe eile. Moladh go bhféadfaí an chomhsheasmhacht sin a bhaint amach trí chód lárnach rialachais, áit a n-oibreodh comhlachtaí stáit agus rialálaithe le chéile chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar faireachán ar chomhlíonadh.

### 4.3 Moltaí

Is é tuairim an phainéil gurb é an cur chuige is fearr i leith rialachas agus cleachtas feabhsaithe a chur chun cinn ná Cód rialachais nua a fhorbairt do charthanais.

Tá an painéal den tuairim nár cheart na ceanglais dhlíthiúla atá ann cheana ar iontaobhaithe carthanais a athlua sa chód nua sin. Ba cheart ceanglais dhlíthiúla a chomhlánú sa chód nua, seachas iad a athlua, agus:

- a) ba cheart an cód a bheith ina mhodh trína ndírítear aire iontaobhaithe carthanais ar a gcuspóir carthanúil/a gcuspóirí carthanúla a bhaint amach agus ar dhea-rialachas a chothabháil ag an am céanna, agus
- b) ba cheart an cód a bheith ina chód rialachais deonach atá bunaithe ar phrionsabail agus a oibrítear ar bhonn ‘comhlíonadh nó míniú’.

Agus an cód nua á fhorbairt, ba cheart don Rialálaí Carthanas breithniú a dhéanamh ar chóid atá ann cheana agus a chinntiú go nglacfar cur chuige rannpháirteach i leith an cód a dhearadh agus ábhar an chóid a chinneadh. Ba cheart sainmhíniú soiléir a thabhairt sa chód nua freisin ar na príomhthéarmaí a úsáidtear ann. Chomh maith leis sin, ba cheart don Rialálaí Carthanas an éagsúlacht ó thaobh méide agus acmhainne de atá ann i measc charthanais chláraithe na hÉireann a aithint agus ba cheart dó ceanglais rialachais atá comhréireach agus cuí a shainiú bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- a) ioncam bliantúil, a d'fhéadfadh a bheith ar aon dul leis an scoithphointe le haghaidh tuairisciú éigeantach atá sa Ráiteas faoi Chleachtas Molta, Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanais (Ráiteas faoi Chleachtas Molta do Charthanais)<sup>27</sup> agus/nó;
- b) an líon ball foirne.

Ina theannta sin, mheas rannpháirtithe sa chomhairliúchán poiblí go bhfuil an Rialálaí Carthanas san áit is fearr chun bheith ar thús cadhnaíochta na n-iarrachtaí chun laghdú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar an ualach riaracháin a bhíonn á leagan ag comhlachtaí reachtúla éagsúla ar a lán carthanas agus ar a gcuid iontaobhaithe faoi láthair.

D'fhéadfadh gurbh fhiú don Rialálaí Carthanas breithniú a dhéanamh ar na samhlacha a forbraíodh i ndlínsí eile<sup>28</sup>, go háirithe an tsamhail lárnach 'tuairiscigh uair amháin, úsáid go minic' atá i bhfeidhm ag Coimisiún Carthanas agus Eagraíochtaí Neamhbhrabúis na hAstráile (ACNC): d'fhorbair ACNC 'pas carthanais' lena gcumasaítear gníomhaireachtaí údaraithe rialtais rochtain a fháil, trí phrótacal aistrithe comhad, ar na sonraí carthanais a shealbhaíonn ACNC. Trí ghníomhaireachtaí a chumasú sonraí carthanais a rochtain go díreach ó ACNC, laghdaítear go suntasach leis an 'bPas Carthanais' an méid faisnéise is gá do charthanais a thabhairt do ghníomhaireachtaí difriúla rialtais.

I bhfianaise na dtuairimí thuasluaite agus an chomhairliúcháin poiblí, déanann an painéal na moltaí seo a leanas:

2

**Ba cheart cód rialachais nua a bheith ann do charthanais, rud a n-eiseodh an Rialálaí Carthanas é agus a mbeadh mar aidhm leis feabhas ar riaradh, bainistiú agus rialachas eagraíochtaí carthanúla a éascú.**

3

**Ba cheart an cód rialachais nua a bheith bunaithe ar phrionsabail agus ba cheart é a oibriú ar bhonn 'comhlíonadh nó míniú'.**

4

**Ba cheart ábhar an chóid rialachais nua a fhorbairt i gcomhar leis an earnáil carthanas.**

27 Ráiteas faoi Chleachtas Molta, Cuntasaíocht agus Tuairisciú ag Carthanais.

Ar fáil ó: <http://www.charitycorp.org/>

28 Féach an tionscadal um 'Maorlathas a Laghdú' i dTuaisceart Éireann, rud atá faoi stiúir ag Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Ghníomhaíocht Dheonach, i gcomhar le Ranna Rialtais. Ar fáil ó: <http://www.nicva.org/topics/bureaucracy>

**5**

Ba cheart an cód rialachais nua a bheith comhréireach.

**6**

Ba cheart don Rialálaí Carthanas cur chun cinn a dhéanamh ar iarrachtaí chun dúbláil comhlíonta agus tuairiscithe a chúchóiriú idir comhlachtaí Stáit.

## 5

# An Treoir, an Tacaíocht agus an tOideachas is féidir a sholáthar d'Iontaobhaithe Carthanais

## 5.1 Téarmaí Tagartha

Tugadh sainordú don phainéal sainaitheint a dhéanamh ar na bealaí inar féidir leis an Rialálaí Carthanas comhlíonadh a ndualgas ag iontaobhaithe carthanais a chur chun cinn i stiúradh, rialú agus bainistiú carthanas. Tugtar sa chaibidil seo freisin tuairimí agus moltaí a bhaineann le doiciméid thábhachtacha eiseamláireacha a sholáthar, lena n-áirítear pacáí boird, foirmeacha caighdeánacha, beartais chaighdeánacha, coinbhleacht leasa, bronntanais, agus seicliostaí rialachais.

Mar atá leagtha amach i gcuid 2.7 den tuarascáil seo, díreann sa chaibidil seo ar an trío ciseal dár gcreat coincheapúil rialachais agus scrúdaítear inti an treoir, an tacaíocht agus an t-oideachas is féidir a sholáthar don earnáil carthanas. Sa chaibidil seo, achoimrítear na tuairimí ón bpainéal (5.2) agus leagtar amach ansin na moltaí uaidh maidir le treoir, tacaíocht agus oideachas don earnáil (5.3).



## 5.2 Tuairimí

### 5.2.1 Forbhreathnú

Is é tuairim an phainéil gur ar iontaobhaithe carthanais atá an fhreagracht deiridh as dea-rialachas a chinntiú. Tá freagracht shuntasach ar iontaobhaithe carthanais, mar sin, agus is minic a bhíonn orthu cinntí deacra a dhéanamh agus iad ag iarraidh leasanna síntiúsóirí agus tairbhíthe a chothromú agus an carthanas a reáchtáil ag an am céanna i dtimpeallacht rialála a bhíonn ag athrú i gcónaí. Sa chomhthéacs sin, aithníonn an painéal an líon eagraíochtaí ionadaíocha atá ag tabhairt treoir, tacaíocht agus oiliúint úsáideach don earnáil. Táthar ag súil leis go leanfaidh siad le déanamh amhlaidh.

Beag beann ar an bhfeidhm ríthábhachtach atá acu, is beag taighde a rinneadh ar chomhdhéanamh an chohóirt mhóir iontaobhaithe carthanais atá againn (a mheastar a bheith cothrom le 50,000 duine) agus a imríonn ról lárnach i sochaí na hÉireann. D'fhéadfadh faisnéis faoi iontaobhaithe carthanais – amhail faisnéis faoi stádas oideachasúil, inscne, aois, téarma oifige, etc. – a bheith an-úsáideach agus idirghabhálacha cuí á ndearadh chun tacú le hiontaobhaithe.

Le linn a chuid díospóireachtaí, rinne an painéal breithniú ar na gnéithe tábhachtacha seo a leanas:

- **An leibhéal cur i bhfeidhm:** ba cheart an rialachas a chur i bhfeidhm i measc gach leibhéal laistigh den eagraíocht, amhail iontaobhaithe carthanais, an lucht bainistíochta, baill foirne agus oibrithe deonacha;
- **Ionchas an phobail:** an ról atá ag síntiúsóirí, na hionchais atá acu ó thaobh rialachas agus trédhearcacht carthanais de, agus na dearcthaí atá acu – ar dearcthaí iad nach mbíonn ag teacht lena chéile i gcónaí – i leith chaiteachas an charthanais ar chostais riaracháin agus chomhlíonta;
- **Treoir d'iontaobhaithe carthanais:** áirítear iad seo a leanas leis na saincheisteanna a bhféadfaí féachaint orthu mar shaincheisteanna a imríonn tionchar ar a éifeachtaí atá iontaobhaithe carthanais agus boird charthanais agus a bhféadfadh treoir ón Rialálaí Carthanas a bheith úsáideach ina leith:
  - Sula n-éireoidh daoine ina n-iontaobhaithe carthanais: ba cheart d'iontaobhaithe carthanais féideartha dícheall cuí a dhéanamh ar an gcarthanas: e.g. scrúdú a dhéanamh ar dhóiciméid rialaithe agus cuntais agus/nó ráitis airgeadais an charthanais agus ar bheartais thábhachtacha eile atá i bhfeidhm aige; ba cheart dóibh bualadh le leas-sealbhóirí tábhachtacha, e.g. an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin;
  - An próiseas trína n-éireoidh daoine ina n-iontaobhaithe carthanais: cé nach meastar gur gá seiceálacha oiriúnachta agus ionracais a dhéanamh ar iontaobhaithe carthanais, seachas na seiceálacha sin atá sonraíthe san Acht cheana féin, molann an painéal go láidir go gcinnteodh an Rialálaí Carthanas go mbeadh raon leathan clár tacaíochta agus forbartha ar fáil san fhormaid is simplí agus is éifeachtúla is féidir;
  - Tráth a éireoidh daoine ina n-iontaobhaithe carthanais: ba cheart clár struchtúrtha ionductúcháin a thairiscint do na comhaltaí nua uile den bhord;
  - Tacaíocht agus forbairt: toisc gur i gcáil dheonach a oibríonn iontaobhaithe carthanais agus gur i gcarthanas bheaga a oibríonn a bhformhór mór, tá sé tábhachtach go mbeadh oiliúint, treoir agus tacaíocht ar fáil ar chostas íseal nó saor in aisce d'iontaobhaithe carthanais agus gurbh é an carthanas, seachas na hiontaobhaithe carthanais aonair, a d'íocfadh aon chostais lena mbaineann. Aithníonn an painéal gur stiúirtheoirí cuideachta iad na hiontaobhaithe carthanais ar 51% de charthanais agus go bhfuil mórdhualgais mhuiníneacha reachtúla orthu.<sup>29</sup>
  - Ábhar treorach ar líne agus/nó i bhformáid dhigiteach/físe a bhaineann leis na topaicí seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:
    - Tús eolais ar an Acht Carthanas 2009;
    - Comhairle maidir le dícheall cuí d'iontaobhaithe carthanais ionchasacha;
    - Iontaobhaithe carthanais ionchasacha a earcú agus a ionductú;

29 Féach Acht na gCuideachtaí 2014 – ar fáil ó: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/38/enacted/en/html>

- Pleanáil chomharbais;
  - Bainistíocht riosca;
  - Coinbhleacht leasa;
  - Beartais maidir le bronntanais, fáilteachas, etc., a dhearbhú;
  - Ról an Chathaoirligh agus Rúnaí an Bhoird;
  - Taifid chuntasáíochta leordhóthanacha a choinneáil agus a chur ar fáil;
  - Cruinnithe ginearálta bliantúla.
- **Fad an téarma oifige:** aithníonn an painéal go bhfuil glacadh forleathan leis gurb éifeachtaí ná boird eile boird atá éagsúil, a dhéanann uainíocht rialta ar a gcomhaltaí agus a bhíonn ar oscailt do dhaoine nua agus do smaointe nua. Ní bhíonn boird den sórt sin chomh leochaileach céanna i leith tuairimí seanbhunaithe agus ceannasacha ach oiread. Mar an gcéanna, moltar i gcóid éagsúla rialachais (amhail an *‘Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit’*, 2016) go gcuirfí teorainn leis an líon téarmaí a fhéadfaidh comhalta a chur isteach ar aon bhord ar leith. Is gnách go moltar dhá théarma nó trí théarma ar a mhéad, faoi réir fad uasta foriomlán deich mbliana.

Aithníonn an painéal gur beart atá ag teacht leis an dea-chleachtas é teorainn a chur leis an méid ama a fhéadfaidh iontaobhaí carthanais a chur isteach, toisc gurb é an toradh a bhíonn air go n-éascaítear éagsúlacht mhéadaithe ó thaobh tuairimí de, go saibhrítear an díospóireacht ar leibhéal boird agus go gcoisctear marbhántacht an phróisis chinnteoireachta. Ina ainneoin sin, aithníonn an painéal na deacrachtaí praiticiúla a bhaineann le téarmaí seasta oifige a fhorchur ar iontaobhaithe carthanais ina lán carthanas, go háirithe carthanais bheaga. Cuireadh an dearcadh céanna in iúl le linn an chomhairliúcháin phoiblí. Cé go bhfuil an painéal i bhfabhar teorainn a chur le téarmaí oifige iontaobhaithe carthanais, aithníonn sé freisin gur gá an méid sin a dhéanamh ar bhealach cúramach. Measann an painéal gur cheart carthanais agus iontaobhaithe carthanais a spreagadh díospóireachtaí ar a mbunreacht féin a thionscnamh agus a athbhreithniú ina leith sin. Chun é sin a éascú, molann an painéal gur cheart teorainn uasta chomhairleach a bheith ar áireamh sa chód rialachais nua ar bhonn ‘comhlíonadh nó míniú’.

De bhun an chomhairliúcháin phoiblí, aithníonn an painéal freisin na hábhair imní a bhaineann le Príomhoifigigh Feidhmiúcháin/bunaitheoirí a bheith ag éirí ina n-iontaobhaithe carthanais/ina gcathaoirligh tar éis dóibh imeacht ón oifig. Measann an painéal gur cheart carthanais agus iontaobhaithe carthanais a spreagadh díospóireachtaí ar a mbunreacht féin a thionscnamh agus a athbhreithniú ina leith sin agus, chun é sin a éascú, molann an painéal go dtabharfaí aghaidh ar an ní sa chód rialachais nua.

Feasacht an phobail: d’fhéadfaí iontaoibh an phobail i gcoitinne a mhéadú trí thuilleadh faisnéise a thabhairt faoin ról a imríonn carthanais agus faoi na gníomhaíochtaí a sheolann siad. D’fhéadfaí a leagan amach i dtreoir den sórt sin na ceisteanna ba cheart do shíntiúsóirí féideartha a chur maidir leis an rialachas sula dtabharfaidh siad síntiús do charthanas.

## 5.2.2 An Chomhairliúchán Poiblí

D’eascair téamaí éagsúla as na cruinnithe poiblí, as an gceistneoir ar líne agus as na fócasghrúpaí.

Ba iad seo a leanas na príomhfhionnachtana:

### 5.2.2.1 Na Príomhbhacainní ar Dhea-Rialachas

Is é an príomhbhacainn ar dhea-rialachas ná an easpa eolais agus tuisceana ar cad is dea-rialachas ann agus ar na nithe a bhfuiltear ag súil leo ón mbord ar eagraíocht charthanúil. Bhí sé sin ar an mbacainn is mó, dar le freagraithe ar líne. Ina dhiaidh sin, bhí an easpa saineolais agus an easpa eolais ar oibleagáidí dlíthiúla ar na bacainní is mó, dar leo.



### 5.2.2.2 Tacaíocht agus Forbairt

Bhíothas i bhfách in 21 aighneacht i scríbhinn le tuilleadh cabhrach agus tacaíochta a thabhairt d'iontaobhaithe carthanais. Tugadh le fios i gcuid mhór díobh go bhfuil tacaíocht shonrach ag teastáil agus moladh i gcinn eile go ndíreofaí ar thuilleadh iontaobhaithe carthanais a earcú. Téama coitianta a tháinig chun cinn ag gach ceann de na cruinnithe poiblí ba ea an gá atá ann le forbairt iontaobhaithe carthanais.

Dúradh in aighneacht ó dhuine aonair:

**“Is é an príomhlaige anseo ná nach bhfuil aon oiliúint éigeantach ann d’iontaobhaithe.**

**Is an-deacair an rud é oiliúint éigeantach a chur chun feidhme, toisc go mbíonn boird ag brath ar dhaoine a bheith ag obair ina n-am saor. Bíonn teorainn ann leis an méid ama is féidir leo a chur i leataobh. D’fhéadfadh fiúntas a bheith ag baint le córas Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, áit a gceanglófaí ar iontaobhaithe roinnt uaireanta forbartha gairmiúla leanúnaí cáilithí a chur isteach le linn na bliana, e.g. cúig huaire gach bliain.”**

Mar an gcéanna, dúirt eagraíocht amháin san aighneacht uaithi:

**“B’fhiú don Rialálaí moladh treoirlíne a eisiúint, á rá gur cheart do gach iontaobhaí trí huaire ar a laghad a chaitheamh gach bliain ag tabhairt faoi oiliúint agus forbairt ar ról an iontaobhaí, ar mhaithe le béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le huasoiliúint iontaobhaithe agus ar mhaithe le hiontaobhaithe carthanais a chumasú a gcuid scileanna a chothabháil.”**

Tarraingíodh aird ar na nithe seo a leanas le linn an chomhairliúcháin freisin:

- › na príomhdhualgais atá ar iontaobhaithe carthanais;
- › Rialuithe inmheánacha airgeadais, agus leabhair chuntas leordhóthanacha a choinneáil;
- › freagrachtaí agus ról an chathaoirligh;
- › coistí riosca agus iniúchóireachta; agus
- › coinbhleacht leasa.

### 5.2.2.3 Téarma Tionachta agus Uainíocht Ionntaobhaithe Carthanais

Cé go raibh formhór na rannpháirtithe sa chomhairliúchán poiblí ar aon tuairim leis an bpainéal maidir le téarmaí uasta boird, cuireadh tuairimí contrártha in iúl ina leith sin freisin. Tríd is tríd, bhí na tuairimí contrártha sin ina léiriú ar mhéid agus láthair na gcarthanas lena mbaineann.

Mar a dúirt duine aonair:

Is saincheist thábhachtach í uainíocht an chathaoirligh agus braithim gur gá aghaidh a thabhairt uirthi. Dá fhaide atá an cathaoirleach san oifig is ea is mó seans go rialófar an eagraíocht ar shlí an duine sin agus ar an tslí sin amháin.

Cruthaíonn sé sin easaontas agus coinbhleacht agus tagann réchúis chun cinn. Tagann meath ar phróisis chinnteoireachta freisin.”

Os a choinne sin, achoimrúidh san aighneacht seo a leanas ó dhuine aonair na tuairimí a bhí ag cuid mhór daoine maidir leis na rioscaí a bhaineann le teorainn a chur le sainordú iontaobhaithe carthanas:

“Tógann sé blianta chun eolas a ghnóthú ar an réimse ina n-oibrímid, agus bíonn sé an-éasca dochar a dhéanamh trí aineolas. Mar sin, ba mhór an chabhair iad daoine atá ag fónamh ar an gcoiste le fada... Bíonn daoine nua in ann dul isteach sa choiste i gcónaí.

Uaireanta, cuireann duine éigin ag a bhfuil eolas sonrach (eolas leighis nó teicniúil, inár gcás féin) go mór leis an gcoiste. Fad a dhéanann daoine jab maith, ní bhíonn aon ghá ann le iad a bhaint den choiste. D’fhéadfadh ár gcarthanas titim as a chéile, ár ngníomhaíochtaí a ghearradh siar, nó, rud ba mheasa fós, rudaí dochracha a dhéanamh dá mbeadh teorainn ama ann le cá fhad a fhéadfaidh iontaobhaithe fónamh.”

### 5.3 Moltaí

Déanann an Painéal na moltaí seo a leanas:

7

Ba cheart don Rialálaí Carthanas treoir a fhorbairt agus a eisiúint (ar líne agus/nó i bhformáid dhigiteach/físe, nuair is féidir) chun tacú le hiontaobhaithe carthanas ionchasacha agus le hiontaobhaithe carthanas reatha.

8

Níor cheart téarma oifige iontaobhaithe carthanas a bheith faoi réir teorainn éigeantach. Ba cheart teorainn uasta chomhairleach a bheith ar áireamh sa chód rialachais nua ar bhonn ‘comhlíonadh nó míniú’, áfach.

**9**

I gcomhthéacs an chóid rialachais nua, ba cheart don Rialálaí Carthanas breithniú a dhéanamh ar an tsaincheist a bhaineann le hiar-ardbhainisteoirí a bheith ag éirí ina n-iontaobhaithe carthanais ar an aon eagraíocht amháin.

**10**

Ba cheart tuilleadh taighde a dhéanamh ar phróifíl agus líon na n-iontaobhaithe carthanais in Éirinn.

# Aguisín 1:

## Comhdhéanamh an Phainéil

**Senan Turnbull**, Cathaoirleach, iarchomhalta den Údarás Rialála Carthanas

**An tOllamh Oonagh Breen**, Scoil Dlí Sutherland, UCD

**An tOllamh Niamh Brennan**, Coláiste Gnó UCD

**Ivan Cooper**, Stiúrthóir Beartais Phoiblí, The Wheel

**Patricia Cronin**, Comhalta, an tÚdarás Rialála Carthanas

**John Farrelly**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Rialálaí Carthanas

**James Kavanagh**, Cathaoirleach, Cumann Rialachais Chorporáidigh na hÉireann

**John Laffan**, Príomhoifigeach, an tAonad Rialachais Shibhialta, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

**Stephanie Manahan**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, an Clinic Lárnach Íocshláinteach

**Lucy Masterson**, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Institiúid Carthanas Éireann

**Teresa McColgan**, Comhpháirtí Cánach, PwC

**Claire O'Hare**, Bainisteoir Forbartha Beartais, Coimisiún Carthanas Thuaisceart Éireann

# Aguisín 2:

## An Comhthéacs Idirnáisiúnta

### Forbhreathnú ar Chur Chuige an Rialálaí Carthanas i leith an Rialachais i gCórais Roghnaithe an Dlí Choitinn

D'fhonn cabhrú leis an bPainéal Comhairleach breithniú a dhéanamh ar na roghanna inoibrithe atá ann le haghaidh feabhas ar riaradh, bainistiú agus rialachas eagraíochtaí carthanúla in Éirinn a éascú, leagtar amach sa pháipéar oibre seo na gnéithe coitianta de rialálaithe roghnaithe agus an dóigh a n-éascaíonn siad feabhas ar rialachas carthanas.

#### Gnéithe Coitianta

Tá rialálaí carthanas tiomnaithe ag gach córas a ndearnadh athbhreithniú orthu, seachas Ceanada, ag a bhfuil stiúirthóireacht carthanas ar leith laistigh dá ghníomhaireacht bailiúcháin ioncaim.

Den chuid is mó, is é an ról atá ag na rialálaithe:

- Stádas carthanúil a dheonú;
- Clár poiblí carthanas a chothabháil;
- Comhlíonadh a chinntiú;
- Faireachán agus imscrúdú a dhéanamh ar éilimh, ar ábhair inmí agus ar mhí-iompar dealraitheach (faoi réir binse achomhairc);
- Faisnéis agus treoir a sholáthar maidir leis an earnáil carthanas a neartú agus an obair sin a stiúradh.

Tá difríocht ann idir na córais rialála sa mhéid is go ndéantar clárú ar bhonn éigeantach i roinnt córas agus go ndéantar clárú ar bhonn deonach sna cinn eile (sa dara cás, is gnách go gcláraíonn carthanas ar mhaithe le díolúine chánach a ghnóthú). Cé go bhfuil éagsúlacht éigin ann maidir leis na critéir a úsáidtear chun stádas carthanúil a mheas, is amhlaidh gur ghlac gach córas tástáil carthanas dhá chuid: ceanglaítear ar eagraíochtaí is iarratasóir a thaispeáint go bhfuil cuspóir carthanúil acu agus go soláthraíonn siad leas pobail ar leith. Forchuirtear ceanglais bhreise i roinnt córas, lena n-áirítear an ceanglas atá ann sraith prionsabal dea-rialachais a chomhlíonadh (rud atá i bhfeidhm san Astráil agus, mar chuid de na dualgais tuairiscithe, i Singeapór). A luaithe a bheidh siad cláraithe, ní mór do gach carthanas tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a chur isteach.

#### Rialachas

Ní gnách gur gá creat dea-rialachais a chomhlíonadh ar mhaithe le stádas carthanúil a ghnóthú (ach amháin san Astráil), ach tá sé soiléir, i gcás fhormhór na gcóras a ndearnadh athbhreithniú orthu, go mbíonn an comhlíonadh sin ag éirí níos dúshlánaí do na hearnálacha carthanas faoi seach.

Is ann do chineál éigin cóid rialachais nó treoirlínte rialachais i ngach ceann de na córais a ndearnadh athbhreithniú orthu (féach Tábla A thíos) agus, i bhformhór na gcásanna, ba mar thoradh ar thionscnaimh de chuid na hearnála neamhbhrabúis a tugadh isteach iad. Déanann na rialálaithe uile tagairt ar a suíomh Gréasáin don chód nó do na cóid is infheidhme ina ndlínse féin. Ina theannta sin, thug siad go léir faoi thionscnaimh a bhfuil mar aidhm leo cultúr dea-rialachais a leabú agus dea-chleachtais a chur chun cinn maidir leis an dóigh a mbainistítear eagraíochtaí carthanúla. Ar a suíomh Gréasáin, soláthraíonn formhór na rialálaithe sraith treorach praiticiúla maidir le príomhphrionsabail an dea-rialachais, mar aon le féinmheasúnuithe chun an rialachas a mheas/a thástáil.

Aithnítear i bhformhór na gcóras nach ann d'aon chur chuige 'aonfhoirmeach' i leith dea-rialachais agus tacaítear ina bhformhór le cur chuige comhréireach a ghlacadh i leith dea-rialachas a chur chun cinn, toisc gur mór idir carthanais maidir leis an méid atá iontu agus maidir leis na hacmhainní atá ar fáil dóibh chun comhlíonadh caighdeán dea-rialachais a chinntiú.

I bhfianaise na nithe thuas, is iad seo a leanas roinnt tionscnamh ar fiú cuimhne a choinneáil orthu:

**San Astráil**, inar gá caighdeán dea-rialachais a chomhlíonadh chun clárú, soláthraíonn Coimisiún Carthanas agus Eagraíochtaí Neamhbhrabúis na hAstráile (ACNC) treoirínte maidir le cúig chaighdeán dea-rialachais nach mór do charthanais cloí leo; tá gach ceann de na caighdeán sin sainithe ar an suíomh Gréasáin, mar aon le tuilleadh faisnéise (naisc) faoin dóigh ar féidir na caighdeán a ghlacadh.

Agus é ag breathnú ar an meántearma agus ar an bhfadtearma, b'fhéidir, stiúir ACNC tionscnamh atá ceaptha chun an rómhaorlathas a laghdú do charthanais agus iad ag déileáil le seirbhís phoiblí na hAstráile. Le 'Pas Carthanais' ACNC, cumasaítear gníomhaireachtaí údaraithe rialtais rochtain a fháil, trí phróiseas prótacal aistriú comhad, ar na sonraí carthanais a shealbhaíonn ACNC. Trí ghníomhaireachtaí a chumasú sonraí carthanais a rochtain go díreach ó ACNC, laghdaítear leis an bPas Carthanais dúbláil agus an méid faisnéise is gá do charthanais a thabhairt do ghníomhaireachtaí difriúla rialtais, ar aon dul leis an gcreat 'tuairiscigh uair amháin, úsáid go minic'.<sup>30</sup>

**Sa Nua-Shéalainn**, ceanglaíonn Seirbhísí Carthanas ar charthanais chlárú na faisnéis a thabhairt faoina socruithe rialachais, lena n-áirítear faisnéis faoi cé a rialaíonn an eagraíocht agus conas a ainmnítear iad, faoi conas a dhéantar cinntí, faoi cad is coinbhleacht leasa ann agus faoi conas a bhainítear coinbhleachtaí leasa, etc. (féach Tábla A thíos).

Feidhmíonn Seirbhísí Carthanas uirlis féinmheasúnaithe saor in aisce ar líne freisin, rud a forbraíodh d'eagraíochtaí pobail sa Nua-Shéalainn.<sup>31</sup> Díríonn Seirbhísí Carthanas ar eagraíochtaí agus pobail atá láidir agus éifeachtach a fhorbairt agus ar úsáideoirí a chumasú feidhmíocht a n-eagraíochta a mheasúnú trí na réimsí tábhachtacha uile d'oibriú na heagraíochta a rátáil – treo, rialachas, ceannaireacht, daoine, riarachán, airgeadas, cumarsáid, meastóireacht, agus caidreamh.

A luaithe a bheidh an féinmheasúnú críochnaithe, beidh rochtain láithreach ag an eagraíocht ar thuarascáil ina bhfuil cairteacha, scóir, aiseolas agus acmhainní (plean gníomhaíochta san áireamh) chun cabhrú leo an eagraíocht a fhorbairt tuilleadh. Bíonn an fhaisnéis sin úsáideach, mar shampla nuair a bhíonn an eagraíocht ag labhairt lena cuid maoinitheoirí agus nuair a bhíonn sí ag iarraidh an obair a dhéanann sí a thaispeáint agus aird a tharraingt ar na réimsí sin inar féidir tacú le gníomhaíocht éigin forbartha eagraíochta.

Ós rud é gur uirlis fhéinriartha í, cumasaítear leis an uirlis féinmheasúnaithe do charthanais bheith oscailte agus macánta faoi na príomhghnéithe dá n-eagraíocht. Is féidir í a úsáid mar thagarmharc le haghaidh meastóireacht amach anseo freisin, áit ar féidir leis an eagraíocht dhá mheasúnú ar bith a chur i gcomparáid lena chéile chun an dul chun cinn a rinneadh a fheiceáil.

In Albain, soláthraíonn Oifig Rialálaí Carthanas na hAlban treoir úsáideach ina gcuirtear síos ar an gcuma atá ar dhea-rialachas laistigh de charthanas. Tá an treoir sin leagtha amach timpeall ar 11 phríomhthopaic, agus sainmhínte comhfhreagracha ag gabháil le gach ceann díobh.<sup>32</sup>

30 Ar fáil ó: [http://acnc.gov.au/ACNC/About\\_ACNC/Redtape\\_redu/Charity\\_Passport/ACNC/Edu/Charity\\_Passport.aspx](http://acnc.gov.au/ACNC/About_ACNC/Redtape_redu/Charity_Passport/ACNC/Edu/Charity_Passport.aspx)

31 Ar fáil ó: <https://nznavigator.org.nz/>

32 Is iad seo a leanas na príomhthopaicí sin: coinbhleacht leasa; luach saothair; doiciméid rialaithe; do charthanas a phoibliú; díospóidí; ionductú iontaobhaithe; cruinnithe rialta; bainistíocht agus rialú; iontaobhaithe ceannasacha; rialú airgeadais; agus dualgais iontaobhaithe. Ar fáil ó: <https://www.oscr.org.uk/managing-a-charity/good-governance>

**Samplaí:**

**Coinbhleacht leasa** “Ní mór duit gníomhú chun leas do charthanas agus chun leas na ndaoine a dtacaíonn do charthanas leo – seachas gníomhú chun do leasa féin, chun leas do chairde nó do theaghlaigh nó chun leas aon eagraíochta a cheapann thú. Is é an rud atá tábhachtach ná an dóigh a láimhseálann tú aon choinbhleacht leasa a thagann chun cinn”.

**Luach saothair** “Ciallaíonn luach saothair ‘íocaíocht a dhéanamh le duine’ nó ‘cúiteamh le duine’. Tríd is tríd, ní íoctar le hiontaobhaithe carthanas in Albain, seachas aisíocaíocht a dhéanamh leo i leith speansais réasúnacha”.

**Doiciméad rialaithe:** “Mínítear i do dhoiciméad rialaithe na críocha ar chucu a bunaíodh do charthanas agus an dóigh ar cheart dó oibriú. Leagtar amach ann na rialacha a leanfar agus an carthanas á reáchtáil. Is féidir go mbeidh teideal eile air, amhail ‘an Bunreacht’. Ní mór do gach iontaobhaí an doiciméad rialaithe a thuiscint agus deimhin a dhéanamh de go gcoinnítear cruinn agus cothrom le dáta é”.

Tábla A: Anailís chomparáideach ar na príomhghnéithe de Rialálaithe Carthanas roghnaithe

Córas	Dáta bunaithe	An líon carthanas	Có(i)d Rialachais	Clár poiblí	Samhail rialála	Ceanglas tuairiscithe	Na príomhchritéir le haghaidh clárúcháin
Éire	2014	9,061	Dóchas An Cód Rialachais	Tá	An Rialálaí Carthanas  Rialálaí Neamhspleách a fheidhmíonn mar Oifig Reachtúil shaorsheasaimh	Ceanglófar ar gach carthanas atá cláraithe leis an Rialálaí Carthanas Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíocht a chur isteach  Ceanglófar ar fhormhór na gcarthanas (seachas carthanas an-bheag) ráitis airgeadais a chur isteach freisin	Déantar clárú ar bhonn éigeantach  Ní mór d’eagraíochtaí a bheith bunaithe chun críocha carthanúla agus chun na gcríoch sin amháin  15 chuspóir charthanúla  Leas pobail (mar chuid den tástáil, déantar breithniú ar shrianta míchuí agus ar mhuirir ar thairbhíthe)



Córas	Dáta bunaithe	An líon carthanas	Có(i)d Rialachais	Clár poiblí	Samhail rialála	Ceanglas tuairiscithe	Na príomhchritéir le haghaidh clárúcháin
An Astráil	2012	55,851	Cé nach ann d'aon chóid ar leith, leagtar amach príomhchaighdeán in a ndéanfar measúnú orthu chun críocha clárúcháin  Déantar tagairt do Chód ACFID <sup>33</sup>	Tá	Coimisiún Carthanas agus Eagraíochtaí Neamhbhrabúis na hAstráile (ACNC)  Rialálaí Neamhspleách a fheidhmíonn mar Oifig Reachtúil	Ní mór do charthanas chlárúithe tuarascálacha airgeadais agus oibriúcháin a sholáthar (cé nach sainítear é sin go dian, tugann an Coimisiún treoir ina leith ar a shuíomh Gréasáin)	Déantar clárú ar bhonn deonach, ach ní mór déanamh amhlaidh mar réamhriachtanas le haghaidh lamháltais chánach a fháil  12 chuspóir charthanúla  Leas pobail  Ní mór do charthanas Uimhir Ghnó Astrálach a bheith acu agus ní mór dóibh na caighdeán rialachais a chomhlíonadh
Ceanada	1967	86,264	Treoir maidir le Dea-Rialacha: Eagraíochtaí Neamhbhrabúis agus Carthanúla	Tá	An Stiúrthóireacht Carthanas - Gníomhaireacht Ioncaim Cheanada	Tuairisceán bliantúil faisnéise	Déantar clárú ar bhonn deonach (ní dhéantar amhlaidh ach amháin chun díolúine chánach a fháil)  4 chuspóir charthanúla
Sasana agus an Bhreatain Bheag	1853	168,237	Cód don earnáil dheonach agus pobail <sup>34</sup>  Eisíodh eagrán nua sa bhliain 2017	Tá	An Coimisiún Carthanas do Shasana agus don Bhreatain Bheag  Rialálaí Neamhspleách a fheidhmíonn mar Oifig Reachtúil shaorsheasaimh	Ní mór do gach carthanas ráitis airgeadais a ullmhú agus na ráitis sin a chur ar fáil ach iad a iarraidh  Ní mór do gach carthanas ráitis airgeadais, tuarascáil bhliantúil agus foirm tuairisceáin bhliantúil a chur isteach	Déantar clárú ar bhonn éigeantach, ach amháin i gcás carthanas ar lú a n-ioncam ná £5K  13 chuspóir charthanúla  Leas pobail (ní thugtar sainmhíniú mionsonraithe air sin san Acht Carthanas (Sasana agus an Bhreatain Bheag))
An Nua-Shéalainn	2012	27,762	Cé nach ann d'aon chóid ar leith, cuirtear treoir agus uirlis féinmheasúnaith e ar fáil ar shuíomh Gréasáin Sheirbhísí Carthanas	Tá	Seirbhísí Carthanas  Rialálaí Neamhspleách a fheidhmíonn mar Oifig Reachtúil atá faoi choimirce Roinne líne	Ní mór do charthanas Tuairisceán Bliantúil a chur isteach	Déantar clárú ar bhonn deonach  4 chuspóir charthanúla  Leas pobail

33 Sa Chód ó Chomhairle na hAstráile um Fhorbairt Idirnáisiúnta (ACFID), cuirtear dea-chleachtas chun cinn agus féachtar le feabhas a chur ar thorthaí forbartha idirnáisiúnta agus le hiontaobh leas-sealbhoírí a mhéadú trí thrédhearcacht agus cuntasacht shínteoirí an Chóid a fheabhsú. Leagtar breis agus 50 prionsabal agus 150 oibleagáid amach ann.

34 Ar fáil ó: [http://www.ecgi.org/codes/documents/vol\\_sector\\_code\\_uk\\_jun2005.pdf](http://www.ecgi.org/codes/documents/vol_sector_code_uk_jun2005.pdf)

Córas	Dáta bunaithe	An líon carthanas	Có(i)d Rialachais	Clár poiblí	Samhail rialála	Ceanglas tuairiscithe	Na príomhchritéir le haghaidh clárúcháin
Tuaisceart Éireann	2008	6,009	An Cód Dea-Rialachais <sup>35</sup>	Tá	An Coimisiún Carthanas do Thuaisceart Éireann  Rialálaí Neamhspleách a fheidhmíonn mar Oifig Reachtúil shaorsheasaimh	Ní mór do charthanas foirm tuairisceáin faireacháin bhliantúil ar líne a chur isteach, ina gcumhdaítear cuntais, tuarascáil bhliantúil na n-iontaobhaithe agus tuarascáil ó scrúdaitheoir/iniúchóir neamhspleách, de réir mar is infheidhme	Déantar clárú ar bhonn éigeantach  Ní mór d'eagraíochtaí a bheith bunaithe chun críocha carthanúla chun leas an phobail agus chun na gcríoch sin amháin  12 chuspóir charthanúla  Rialaítear carthanas le dlí Thuaisceart Éireann  Ní mór gur institiúidí iad
Albain	2006	24,353	Cé nach ann d'aon chód ar leith, cuirtear treoir agus uirlisí an-úsáideach ar fáil	Tá	Oifig Rialálaí Carthanas na hAlban  Rialálaí Neamhspleách a fheidhmíonn mar Oifig Reachtúil shaorsheasaimh	Ní mór do charthanas cuntais bhliantúla a choinneáil agus na cuntais sin a chur isteach ar líne.  Ní mór do charthanas cuntais níos mionsonraithe a choinneáil más mó a n-ioncam ná £100,000	Déantar clárú ar bhonn éigeantach  15 chuspóir charthanúla  Leas pobail (a shainmhínítear san Acht um Infheistíocht Carthanas agus Ionntaobhaithe, 2005 (Albain))
Singeapór	2006	2,200 (a bhfuil 600 ceann díobh de ghné phoiblí)	Cód Rialachais do Charthanas agus d'Institiúidí de Ghné Phoiblí. <sup>36</sup>	Tá	Oifig an Choimisinéara Carthanas  Rialálaí Neamhspleách a fheidhmíonn mar Oifig Reachtúil atá faoi choimirce Roinne líne	Ceanglaítear ar Charthanas nó ar Institiúidí de Ghné Phoiblí aighneacht bhliantúil a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Carthanas, rud a chuimsíonn Tuarascáil Bhliantúil (an Ráiteas Cuntas san áireamh) agus Seicliosta Meastóireachta Rialachais (ar bhonn "comhlíonadh nó míniú")	Ní mór d'eagraíochtaí a bheith bunaithe chun críocha carthanúla agus chun na gcríoch sin amháin  10 gcuspóir charthanúla  Leas pobail  Ní mór d'eagraíochtaí triúr comhaltaí ar a laghad a bheith acu ar a mbord rialaithe agus ní mór do bheirt ar a laghad de na comhaltaí sin a bheith ina saoránaigh de chuid Shingeapór nó ina gcónaitheoirí buana

35 Ar fáil ó: <http://www.volunteernow.co.uk/fs/doc/publications/revised-code-of-good-governance-jan16.pdf>

36 Ar fáil ó: <https://www.charities.gov.sg/manage-your-charity/Day-to-Day-Operations-of-Charity-IPC/Pages/Code%20of%20Governance%20for%20Charities%20and%20IPCs.aspx>

# Aguisín 3:

## An Comhairliúchán Poiblí ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla

### Achoimre Fheidhmeach

## 1 An Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

### 1.1 Cúlra

Sheol an Rialálaí Carthanas próiseas comhairliúcháin poiblí ar rialachas eagraíochtaí carthanúla. Ba é a bhí i gceist leis an gcomhairliúchán ná ceistneoir ar líne, cruinnithe poiblí, aighneachtaí i scríbhinn agus fócasghrúpaí. Bhí an comhairliúchán ar siúl ón 1 Samhain go dtí an 6 Nollaig 2017, ar lena linn a iarradh tuairimí an phobail ar roinnt saincheistanna ar ghá don Phainéal Comhairleach ar bhunaigh an Rialálaí Carthanas é dul i gcomhairle orthu. Ghlac 1,193 dhuine de dhaoine aonair agus/nó d'ionadaithe ó eagraíochtaí san iomlán páirt sa phróiseas comhairliúcháin agus chuir siad a gcuid tuairimí in iúl.

### 1.2 Próiseas Comhairliúcháin

#### 1.2.1 Ceistneoir Ar Líne

- Fuarthas 864 fhreagra ar an gceistneoir ar líne. Bhí 16 cheist ón bPainéal ann.
- Rangaigh na freagraithe iad féin mar iontaobhaithe carthanais (24%), mar iar-iontaobhaithe carthanais (8%), mar oibríthe deonacha de chuid carthanas (21%), mar fhostaithe íoctha de chuid carthanas (33%) nó mar dhaoine nach raibh aon bhaint acu le carthanais, seachas tacaíocht nó síntiúis a thabhairt dóibh ó am go chéile (29%).
- Luaigh níos mó ná leath na bhfreagraithe (58%) gur mó láimhdeachas an charthanais a raibh baint acu leis ná €250,000. Bhí baint ag 22% le carthanas a raibh a láimhdeachas sa raon idir €1,000-€50,000 agus bhí baint ag 20% le carthanas a raibh a láimhdeachas sa raon idir €50,000-€250,000.
- Maidir leis na carthanais a raibh baint ag na freagraithe leo, ní raibh aon bhaill foirne ag 17%, bhí idir fostaí amháin agus naonúr fostaí ag 35%, bhí idir deichniúr fostaí agus 29 bhfostaí ag 19% agus bhí níos mó ná 100 fostaí ag 15%. Maidir leis an líon oibríthe deonacha a bhí acu, ní raibh aon oibríthe deonacha ag 9%, bhí idir oibrí deonach amháin agus naonúr ag 20%, bhí idir deichniúr agus 19 n-oibrí dheonacha ag 22% agus bhí 100 oibrí deonach nó níos mó ag 26%.

### 1.2.2 Cruinnithe Poiblí

- Tionóladh trí chruinniú phoiblí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin sa bhliain 2017 – i gCorcaigh (an 1 Samhain), i nGaillimh (an 6 Samhain) agus i mBaile Átha Cliath (an 21 Samhain)
- D'fhreastail 278 nduine san iomlán ar na hócáidí sin (83 dhuine i gCorcaigh, 73 dhuine i nGaillimh agus 122 dhuine i mBaile Átha Cliath).

### 1.2.3 Aighneachtaí i Scríbhinn

- Fuarthas 41 aighneacht i scríbhinn san iomlán (tháinig 11 aighneacht ó dhaoine aonair; tháinig 16 cinn ó charthanas chláráithe na hÉireann; tháinig ceithre cinn ó eagraíochtaí neamhrialtasacha/grúpaí nár charthanas chláráithe iad; agus tháinig ceann amháin ó chomhlacht ionadaíoch)
- Fuarthas seacht n-aighneacht eile ó Chomhlachtaí Stáit agus fuarthas dhá cheann ó chuideachtaí príobháideacha.

### 1.2.4 Fócasghrúpaí

- Óstáladh dhá chruinniú le fócasghrúpaí in Oifigí an Rialálaí Carthanas an 4 Nollaig 2017. Bhí an chéad ghrúpa comhdhéanta d'iontaobhaithe carthanas ó cheithre charthanas bheaga (nach raibh aon bhaill foirne íoctha acu nó nach raibh ach líon beag ball foirne íoctha acu). Bhí an dara grúpa comhdhéanta d'iontaobhaithe carthanas ó shé charthanas mheánmhéide (a raibh baill foirne íoctha acu).

## 2 Fionnachtana

Leagtar amach sna codanna thíos fionnachtana an phróisis chomhairliúcháin do gach ceann de na príomhthopaicí rialachais a pléadh.

### 2.1 Cód Rialachais atá Sonrach do Charthanas Chláráithe na hÉireann

#### 2.1.1 Cód Rialachais Nua

Cuireadh tacaíocht láidir do chód rialachais do charthanas chláráithe na hÉireann in iúl ar fud an phróisis chomhairliúcháin. Bhí formhór na ndaoine i bhfabhar an cód a bheith á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas agus a bheith á cheadú/á fhorhnuiniú ag an earnáil.

- Maidir leis na freagrúithe ar líne, bhí 96% i bhfách le cód a bheith ann. Dúirt dhá dtrian (67%) gur cheart don Rialálaí Carthanas an cód a eisiúint agus gur cheart don earnáil é a cheadú/a fhorhnuiniú.
- Maidir leis na haighneachtaí i scríbhinn, comhaontaíodh go raibh cód rialachais ag teastáil i ngach ceann de na 18 n-aighneacht ina ndearnadh tagairt don chód. Luadh i 16 cinn díobh sin gur cheart don Rialálaí Carthanas an cód a ullmhú agus gur cheart do charthanas rannchuidiú leis an bpróiseas.
- Comhaontaíodh i ngach ceann de na haighneachtaí i scríbhinn gur cheart aon chód a bheith beacht agus comhréireach.

#### 2.1.2 Comhréireacht

Bhí comhréireacht ar an téama is coitianta, áit ar díriodh ar an ngá atá ann lena chinntiú nach gcruthófar le haon chód dúbláil gan ghá ná ualach riaracháin gan ghá agus go dtabharfar aird ar charthanas bheaga ann.

- De na rannpháirtithe sa cheisteoir ar líne a bhí i bhfách le cód nua, bhí 59% i bhfabhar an cód a chur i gcomhréir le láimhdeachas an charthanas. Bhí 26% den tuairim gur cheart é a chur i gcomhréir le méid sócmhainne an charthanas agus cheap 31% gur cheart é a chur i gcomhréir leis an líon fostaithe atá ag an gcarthanas. Den 35% a bhí i bhfabhar na rogha “eile”, moladh meascán de na critéir sin sna freagraí uathu. Bhí tacaíocht láidir ann don chód a chur i gcomhréir le meascán de láimhdeachas agus de mhéid sócmhainne agus ansin leis an líon fostaithe agus le láimhdeachas.
- Moladh freisin go bhféadfaí an cód a chur chun feidhme de réir a chéile agus go bhféadfaí idirdhealú a dhéanamh ann idir carthanas atá á gcistiú ag an Stát agus carthanas nach bhfuil á gcistiú ag an Stát.

- Moladh in aighneacht i scríbhinn amháin go ndearfaí an cód do charthanais bheaga agus go gcuirfí leis ansin d'eagraíochtaí carthanúla móra.
- Níor tugadh le fios ach in dhá aighneacht i scríbhinn gur cheart an cód a bheith éigeantach.

### 2.1.3 Dúbláil

Téama a tháinig chun cinn ag gach ceann de na cruinnithe poiblí agus sna freagraí ar an gceistneoir ba ea an gá atá ann le dúbláil a sheachaint. Agus iad ag labhairt faoin ngá atá ann le comhsheasmhacht, chuir rannpháirtithe frustrachas in iúl maidir leis an easpa smaointeoireachta comhleanúnaí i measc maoinitheoirí Stáit, comhlachtaí Stáit agus rialálaithe eile.

- Luadh go bhféadfaí comhsheasmhacht a bhaint amach trí chód lárnach rialtais nó trí chritéir shocraithe rialachais a chur i bhfeidhm do gach comhlacht/maoinitheoir Stáit.
- Luadh freisin go bhféadfadh an Rialálaí Carthanas cód lárnach a chur chun cinn agus an cód sin a úsáid mar threoir don chód uaidh féin.

## 2.2 Ionataobhaithe Carthanais – Téarmaí Uasta

### 2.2.1 Teorainneacha leis an Líon Téarmaí

Cuireadh malairt tuairimí in iúl maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart teorainneacha a bheith ann le cá fhad ba cheart d'iontaobhaí carthanais fónamh.

- Cé go raibh na freagraithe ar líne ar aon tuairim, tríd is tríd, gur cheart teorainn a chur leis an líon blianta a d'fhéadfadh iontaobhaí carthanais a chur isteach (agus 80% díobh ina fhabhar sin), thug siad rabhadh freisin faoi na deacrachtaí a d'fhéadfadh sé sin a chruthú do charthanais bheaga. Dá leagfadh an Rialálaí Carthanas dearbhteorainneacha síos, luaigh roinnt freagraithe gur cheart an teorainn ama a bheith ina cleachtas molta agus ní ina ceanglas éigeantach.
- Maidir leis an líon uasta blianta ba cheart d'iontaobhaí carthanais a chur isteach, bhí dhá dtrian (68%) i bhfabhar téarma idir trí bliana agus sé bliana agus bhí 30% i bhfabhar téarma cúig bliana. Luaigh freagraithe gur cheart na tréimhsí uasta sin a bheith comhdhéanta de mheascán téarmaí níos giorra (dhá bhliain, trí bliana nó ceithre bliana). Ba cheart na teorainneacha ama a bheith leagtha amach i ndoiciméad rialaithe na n-eagraíochtaí (e.g. moltar sa lámhleabhar rialachais do Scoileanna Náisiúnta dhá thréimhse ceithre bliana ar a mhéad do chomhaltaí de bhoird bhainistíochta).
- Ba as an gceist maidir le fad seirbhíse iontaobhaithe carthanais a tháinig na tuairimí is fadréimsí ag gach ceann de na cruinnithe poiblí. Tarraingíodh ábhair imní anuas ag na cruinnithe i gCorcaigh agus i nGaillimh araon maidir leis an difear a dhéanfaí do charthanais an-bheag agus don tionchar a bheadh ag aon chód dá dtabharfaí téarmaí uasta isteach d'iontaobhaithe carthanais. Braitheadh nach bhfuil an pearsanra ag a lán eagraíochtaí tuaithe chun é sin a chur chun feidhme agus dúirt roinnt iontaobhaithe carthanais a bhí i láthair gur sháirigh siad a dteorainn téarma cheana féin ach nach raibh aon iontaobhaithe carthanais nua ag teacht chun tosaigh. Luadh nach bhfuil ach iontaobhaí carthanais amháin ag a lán eagraíochtaí agus go n-oibríonn an duine sin leis nó léi féin chun an eagraíocht a choinneáil ar bun.
- Ag na cruinnithe le fócasghrúpaí, tugadh faoi deara go raibh cineál éigin téarmaí uasta i bhfeidhm ag an mbord ar gach ceann de na heagraíochtaí a ndearnadh ionadaíocht dóibh (agus gur mhol na boird sin téarmaí uasta freisin), beag beann ar na deacrachtaí a bhaineann le hiontaobhaithe carthanais nua a aimsiú agus le hiontaobhaithe carthanais maithe a chailleadh.
- Maidir leis na haighneachtaí i scríbhinn a fuarthas, cuireadh rabhadh in iúl faoi theorainn a chur leis an méid ama ba cheart d'iontaobhaí carthanais a chur isteach ar an mbord mar gheall ar a dheacra a bhíonn sé iontaobhaithe carthanais a earcú. Moladh in aighneacht eile go dtabharfaí téarmaí uasta isteach ar mhaithe leis an lucht bainistíochta san earnáil a ghairmiúlú. Tugadh le fios in aighneachtaí eile i scríbhinn gur cheart don charthanas, seachas don Rialálaí, an teorainn a leagan síos.

### 2.2.2 Uainíocht iontaobhaithe Carthanais

- Luadh go gcuireann an uainíocht cosc ar intinn cheannasach (nó dhá intinn cheannasacha) smacht a fháil ar an mbord. Tugann sí cosaint ar chaidreamh míchuí a bheith á fhorbairt idir an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Cathaoirleach. Cuireann sí cosc ar mharbhántacht. Cinntíonn sí go mbaintear combhionannas deiseanna amach agus go mbíonn tuilleadh ban ar an mbord agus cuireann sí le trédhearcacht na heagraíochta.
- Aithníodh i roinnt aighneachtaí i scríbhinn an baol a ghabhann leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheith ag gníomhú mar iontaobhaí carthanais de facto nó le ról a thabhairt dó nó di ar an mbord iontaobhaithe carthanais tráth dheireadh a fhostaíochta nó a fostaíochta mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Moladh freisin go dtabharfaí soiléire ar an ról atá ag bunaitheoir an charthanais ó thaobh an rialachais de.
- Luadh ag an gcéad fhócasghrúpa le carthanais bheaga go bhféadfadh iontaobhaithe carthanais, ar fhágáil an ról dóibh, dul i mbun ról eile (e.g. mar oibrí deonach) laistigh den eagraíocht chun nach gcaillfí a gcuid eolais. Rinne an grúpa sin plé ar thuilleadh comhair a chothú idir eagraíochtaí comhchosúla freisin d'fhonn "iontaobhaithe carthanais a mhalartú lena chéile".
- Chuir na carthanais a ghlac páirt sa dara fócasghrúpa in iúl go gcuireann téarmaí uasta ar chumas iontaobhaithe carthanais an bord a fhágáil agus iad ag iarraidh déanamh amhlaidh. Dar leis an ngrúpa sin, is é an toradh a bhíonn ar théarmaí uasta go ndéanann iontaobhaithe carthanais iarrachtaí ollmhóra ar feadh tréimhse ghearr agus go mbaineann eagraíochtaí an-tairbhe as a gcuid eolais agus fuinnimh. Chreid an grúpa sin freisin go mbíonn seans níos fearr ann go bhfanfaidh iontaobhaithe carthanais san eagraíocht i gcáil eile dá bharr sin.

## 2.3 Iontaobhaithe Carthanais – Oiriúnacht (Oiliúint agus Scileanna):

### 2.3.1 Seiceálacha ar Iontaobhaithe Carthanais

- Bhí formhór na bhfreagraithe ar líne i bhfách go mór le seiceálacha réasúnacha a dhéanamh ar oiriúnacht iontaobhaithe carthanais, agus 95% ina bhfabhar. Áiríodh le seiceálacha réasúnacha na seiceálacha reatha a dhéantar faoin Acht (e.g. níor breithníodh an duine ina fhéimheach nó ina féimheach, ní cuideachta é nó í atá i gcúrsa a foirceanta, níor dícháilíodh é nó í mar iontaobhaí carthanais, etc.).
- Bhíothas i bhfách le gach iontaobhaí carthanais a chur faoi réir ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Chreid roinnt freagraithe freisin gur gá d'iontaobhaithe carthanais a thaispeáint go sealbhaíonn siad na scileanna gairmiúla a theastaíonn chun freastal ar riachtanais an fholúntais atá le líonadh.
- Dar leis na freagraithe ar líne, is ar roinnt comhlachtaí difriúla atá an fhreagracht as oiriúnacht iontaobhaithe carthanais a sheiceáil. Áirítear leis na comhlachtaí sin an carthanas é féin (trí bhord ainmniúcháin, tríd an mbord ar fad agus tríd an gCathaoirleach), an Garda Síochána agus an Rialálaí Carthanas.

### 2.3.2 Oiliúint agus Tacaíocht

- Bhíothas i bhfách in 21 aighneacht i scríbhinn le tuilleadh cabhrach agus tacaíochta a thabhairt d'iontaobhaithe carthanais. Tugadh le fios i gcuid mhór díobh go bhfuil oiliúint agus tacaíocht an-sonrach ag teastáil agus moladh i gcinn eile go ndíreofaí ar thuilleadh iontaobhaithe carthanais a earcú.
- Téama coitianta a tháinig chun cinn ag gach ceann de na cruinnithe poiblí ba ea an gá atá ann le hoiliúint iontaobhaithe carthanais. Luadh gur cheart an oiliúint sin a bheith éigeantach agus gur cheart í a dhéanamh trí uasoiliúint leanúnach nó trí oiliúint leanúnach meastóireachta nó athnuachana gach cúpla bliain. Ba cheart díriú go sonrach ina leith sin ar ról an Chathaoirligh agus ar ról Rúnaí an bhoird.
- Luadh go bhféadfadh cáilíocht QQI d'iontaobhaithe carthanais teacht as an oiliúint, rud a thabharfadh rud éigin ar ais d'iontaobhaithe carthanais.
- Ba é comhdhearcadh na coitiantachta ag gach ceann de na cruinnithe poiblí ná gur cheart d'iontaobhaithe carthanais na scileanna ábhartha a bheith acu chun na dualgais dhlíthiúla atá orthu a chomhlíonadh.

- › I measc nithe eile, moladh ar leibhéal na bhfócasghrúpaí go ndéanfadh iontaobhaithe carthanais dearbhú oiriúnachta agus go dtabharfadh siad faoi oiliúint éigeantach ar líne. Luaigh na fócasghrúpaí freisin go bhfuil gá ann le próiseas ainmniúcháin ina leagtar amach na freagrachtaí atá ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an mbord.

## 2.4 Bacainní ar Dhea-Rialachas

### 2.4.1 An Easpa Eolais

- › Ba é an phríomhbhacainn ar dhea-rialachas de réir an phróisis chomhairliúcháin ná an easpa eolais agus tuisceana ar cad is dea-rialachas ann agus ar na nithe a bhfuiltear ag súil leo ó bhord eagraíochta.
- › Bhí an easpa eolais agus tuisceana sin ar cad is dea-rialachas ann agus ar na nithe a bhfuiltear ag súil leo ó bhord eagraíochta ar an mbacainn aonair is mó, dar le freagrathair ar líne. Ina dhiaidh sin, bhí an easpa saineolais agus an easpa eolais ar oibleagáidí dlíthiúla ar na bacainní is mó, dar leo. I measc na mbacainní eile a shainithin freagrathair bhí an easpa oiliúna tiomnaithe atá ar fáil ar chostas íseal agus an meascán míchuí scileanna atá ann ar bhoird áirithe.

### 2.4.2 An Easpa Acmhainní

Díreach tar éis dóibh an easpa eolais atá ann a shainithint mar bhacainn, labhair an chuid is mó de rannpháirtithe faoin easpa acmhainní, ama agus airgid atá ar fáil.

- › Bíonn costas ag baint le dea-rialachas i ngach carthanais, bíodh siad beag nó mór. Luaigh daoine aonair ag na cruinnithe poiblí go ndearna a n-eagraíochtaí iniúcháirí nó aturnaetha a chonrú ar ardchostas chun iad a chur ar an eolas faoi na dualgais atá orthu.
- › Luadh freisin go bhféadfadh maoinitheoirí Stáit a chinntiú, agus cistiú á thabhairt acu, go mbeadh cuid den chistiú le húsáid le haghaidh oiliúint rialachais.
- › Áiríodh iad seo a leanas leis na bacainní eile a luadh: iontaobhaithe carthanais nua a earcú; faireachán agus iniúchadh a dhéanamh ar oibríthe deonacha; an easpa pleanála straitéisí atá ar bun ag boird iontaobhaithe carthanais; agus an easpa sonraí atá ar fáil ar an ábhar in Éirinn.

## 2.5 Doiciméid Eiseamláireacha agus Treoir

Iarradh ar na freagrathair ar an gceistneoir ar líne na réimsí a bhaineann le rialachas carthanais a rangú in ord tábhachta, bunaithe ar na réimsí ina dteastaíonn treoir agus/nó doiciméid eiseamláireacha ó iontaobhaithe carthanais, dar leo.

- › Ba iad na príomhthosaíochtaí a sainithníodh ná treoir maidir leis na príomhdhualgais atá ar chomhaltaí boird agus treoir maidir le leabhair chuntas leordhóthanacha a choinneáil. Ina dhiaidh sin, sainithníodh treoir maidir leis na príomhdhualgais, na príomhfhreagrachtaí agus na príomhchumhachtaí de chuid an Chathaoirligh agus de chuid coistí riosca agus iniúcháireachta. Cuireadh in iúl ansin go dteastaíonn treoir maidir le coinbhleacht leasa agus oiliúint níos foirmiúla do chomhaltaí nua den bhord.
- › Luadh gur gá treoidhoiciméid a bheith gearr agus a bheith scríofa i mBéarla simplí ar mhaithe leis an gcéad ghlúin eile iontaobhaithe carthanais a spreagadh.
- › Mhol na rannpháirtithe i gcruinnithe poiblí go dtabharfaí na nithe seo a leanas isteach: treoir maidir le pacáí ionduchtúcháin do chomhaltaí boird; treoir shonrach maidir le ról an chathaoirligh agus an rúnaí ar an mbord; treoir maidir leis na nithe ba cheart do bhoird, d'oibríthe deonacha agus d'fhostóirí a dhéanamh agus maidir leis na nithe nár cheart dóibh a dhéanamh; plean straitéiseach eiseamláireach; tuarascáil bhliantúil eiseamláireach; agus aon doiciméid theimpléadacha lena gabhrófaí le heagraíocht cloí leis an dea-chleachtas.
- › Mhol na fócasghrúpaí go dtabharfaí teimpléid nó seicliostaí isteach d'eagraíochtaí de mhéideanna difriúla, lena n-áirítear cóid iompair; beartas maidir le coinbhleacht leasa; lámhleabhair don bhord; agus seicliostaí le haghaidh rialuithe airgeadais agus le haghaidh iontaobhaithe carthanais a scagadh. Luadh go bhféadfaí ceardlanna oiliúna a sholáthar agus go n-éireodh an Rialálaí Carthanais ina acmhainn do charthanais.

# Aguisín 4 -

## An Liosta Daoine a bhfuair an Painéal Aighneachtaí i Scríbhinn uathu mar chuid den Chomhairliúchán Poiblí ar Rialachas Eagraíochtaí Carthanúla

Aighneachtaí ó Dhaoine Aonair
David Buttimer
Chris Cassidy
John Drinane
Niall Fenton, Cormac McConnell, Deirdre McKenna, Breda Rafter, John Webb
Frank Keane
Jacqueline McGrath
Orla Ní Chomhraí
Maureen O'Sullivan
Richard Ryan
John Warren
Carthanais Chláraithe na hÉireann
Tionscadal Teaghlach Rae Bedford
Ionad Carmichael
COPE, Gaillimh
Ionad Oibríthe Deonacha Dhún na nGall
Ionad Oibríthe Deonacha Chathair Bhaile Átha Cliath
Enclude
Ionad Oibríthe Deonacha na Gaillimhe
Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil, Tionscadal Teaghlach Rae Bedford, Foireann Cumainn Phobail Bhré, Cúram Tar Éis an Phríosúin, Ionad Comhghuaillíochta Chorcaí, Cumann na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta Ciontóirí, Ionad na nÍosánach um Chreideamh agus Ceartas, Cúnamh Príosúnach trí Iarracht an Phobail (PACE), Release Prison Partnership
Ionad Oibríthe Deonacha Chiarraí
Look Good Feel Better
Ionad Oibríthe Deonacha na Mí



Ord Mhála
Ceartas Sóisialta Éireann
Iontaobhas Fhaiche Stiabhna
The Wheel
Obair Dheonach Éireann
<b>Grúpaí Eagraíochtaí Neamhrialtasacha</b>
Dóchas
An tArdán Rialaithe Inimirce
Institiúid na Stiúrthóirí
Comhairle um Chearta an Duine
<b>Comhlachtaí Ionadaíoch</b>
Grúpa Oibre an Chóid Rialachais
<b>Comhlachtaí Stáit</b>
Bord na Móna
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Oifig Rialála na Gníomhaireachta Tithíochta
<b>Cuideachtaí Príobháideacha</b>
Good Governance Solutions
West Training and Development

Uimhir Thagartha an Doiciméid EO REP 08.5 001 Rev 000

An Rialálaí Carthanas

3 Duga Sheoirse

An Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta

Baile Átha Cliath 1

D01 X5X0

Teileafón: 01 633 1500

[www.charitiesregulator.ie](http://www.charitiesregulator.ie)

© An Rialálaí Carthanas 2018